12.3.2024 A9-0065/ 001-292

**LEASUITHE 001-292**
ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

**Tuarascáil**
**Deirdre Clune** **A9-0065/2024**
Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú, agus Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a aisghairm

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2023)0258 – C9-0175/2023 – 2023/0156(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 | lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ***agus Rialachán (AE) 2022/2399*** |
| (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

Leasú 2

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is iomchuí go gcuirtear san áireamh sa reachtaíocht chustaim an fhorbairt thapa ar phátrúin trádála domhanda, ar an | (3) Is iomchuí go gcuirtear san áireamh sa reachtaíocht chustaim an fhorbairt thapa ar phátrúin trádála domhanda, ar an |

| | |
|---|---|
| teicneolaíocht, ar shamhlacha gnó agus ar riachtanais páirtithe leasmhara, lena n-áirítear saoránaigh. Dá bhrí sin, is gá líon mór leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú. | teicneolaíocht, ar shamhlacha gnó agus ar riachtanais páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gnólachtaí, tomhaltóirí agus saoránaigh. Dá bhrí sin, is gá líon mór leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun foráil a dhéanamh maidir le modh éifeachtach chun cuspóirí an aontais custaim a bhaint amach, ba cheart athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar roinnt rialacha agus nósanna imeachta lena rialáiltear an chaoi a dtugtar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach uaithi. Ba cheart tacar nua-aimseartha comhtháite seirbhísí leictreonacha idir-inoibritheacha a sholáthar chun faisnéis atá ábhartha do chur chun feidhme reachtaíochta custaim a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh). Ba cheart Údarás Custaim AE (‘Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh’) a bhunú mar acmhainn oibríochtúil lárnach le haghaidh rialachas comhordaithe ar an aontas custaim i réimsí sonracha. | (4) D’fhonn modhanna éifeachtacha a sholáthar chun cuspóirí an aontais custaim a bhaint amach, ba cheart roinnt rialacha agus nósanna imeachta lena rialaítear an chaoi a dtugtar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a thugtar earraí amach aisti a athbhreithniú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú. Ba cheart tacar nua-aimseartha comhtháite seirbhísí leictreonacha idir-inoibritheacha a sholáthar chun faisnéis atá ábhartha do chur chun feidhme reachtaíochta custaim a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh). Ba cheart Údarás Custaim AE (‘Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh’) a bhunú mar acmhainn oibríochtúil lárnach le haghaidh rialachas comhordaithe ar an aontas custaim i réimsí sonracha. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ó glacadh Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá forbairt tagtha ar ról na n-údarás custaim sa chaoi gur mó a chumhdaítear leis cur i bhfeidhm | (5) Ó glacadh Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá forbairt tagtha ar ról na n-údarás custaim sa chaoi gur mó a chumhdaítear leis cur i bhfeidhm |

reachtaíocht an Aontais agus reachtaíochta náisiúnta lena leagtar síos ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir maoirseacht custaim, go háirithe ceanglais neamhairgeadais maidir le hearraí a bhfuil gá leo chun go rachaidh na hearraí sin isteach sa mhargadh inmheánach agus i saorchúrsaíocht ann. Tá méadú ollmhór tagtha ar na cúraimí neamhairgeadais sin in imeacht na mblianta i gcomhréir leis na hionchais mhéadaitheacha a bhíonn ag gnólachtaí an Aontais agus saoránaigh den Aontas maidir le sábháilteacht, slándáil, rochtain ag daoine faoi mhíchumas, inbhuanaitheacht, sláinte agus beatha ainmhithe agus plandaí, an comhshaol, cosaint chearta an duine agus luachanna an Aontais. Tá uirlisí nua, amhail an Pas Táirge Digiteach, le tabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm i ndáil le táirgí ag leanúint de bheith ag freagairt do na hionchais sin. Is gá, dá bhrí sin, an méadú ar líon agus castacht rioscaí neamhairgeadais a léiriú trína áireamh i misean na n-údarás custaim tagairt shonrach do na leasanna poiblí uile sin a chosaint agus, i gcás inarb infheidhme, trí reachtaíocht náisiúnta, i ndlúthchomhar le húdaráis eile.

reachtaíocht an Aontais agus reachtaíochta náisiúnta lena leagtar síos ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir maoirseacht custaim, go háirithe ceanglais neamhairgeadais maidir le hearraí a bhfuil gá leo chun go rachaidh na hearraí sin isteach sa mhargadh inmheánach agus i saorchúrsaíocht ann. Tá méadú ollmhór tagtha ar na cúraimí neamhairgeadais sin in imeacht na mblianta i gcomhréir leis na hionchais mhéadaitheacha a bhíonn ag gnólachtaí an Aontais agus saoránaigh den Aontas maidir le sábháilteacht, slándáil, rochtain ag daoine faoi mhíchumas, inbhuanaitheacht, sláinte agus beatha ainmhithe agus plandaí, an comhshaol, cosaint chearta an duine agus luachanna an Aontais. Tá uirlisí nua, amhail an Pas Táirge Digiteach, le tabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm i ndáil le táirgí ag leanúint de bheith ag freagairt do na hionchais sin. Is gá, dá bhrí sin, an méadú ar líon agus castacht rioscaí neamhairgeadais a léiriú trína áireamh i misean na n-údarás custaim tagairt shonrach do na leasanna poiblí uile sin a chosaint agus, i gcás inarb infheidhme, trí reachtaíocht náisiúnta, i ndlúthchomhar le húdaráis eile. ***Tá sé chomh tábhachtach céanna a thabhairt faoi deara go bhfuil líon suntasach earraí a phróiseáiltear i gcuanta agus aerfoirt mhóra á dtrasloingsiú, ag teacht ó ilchríocha eile agus beartaithe dóibh gan dul isteach i margadh an Aontais. Ní gá i gcónaí go gcomhlíonfadh na hearraí sin na caighdeáin chéanna sábháilteachta agus táirgí de chuid an Aontais is gá le haghaidh earraí a thagann isteach sa mhargadh inmheánach.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart sainmhínithe áirithe a leagtar amach in Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a oiriúnú chun raon feidhme níos leithne an Rialacháin seo a chur san áireamh, chun iad a ailíniú leo sin a leagtar amach i ngníomhartha eile de chuid an Aontais, agus chun téarmaíocht a bhfuil bríonna éagsúla léi in earnálacha éagsúla a shoiléiriú. Ba cheart sainmhínithe nua a áireamh i reachtaíocht chustaim chun róil agus freagrachtaí gníomhaithe áirithe sna próisis chustaim a shoiléiriú. I gcás an allmhaireora agus an onnmhaireora, ba cheart sainmhínithe nua a bheith ann lena gcuirfear na daoine sin faoi dhliteanas i leith chomhlíontacht na n-earraí, lena n-áirítear i gcás rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, chun maoirseacht custaim a neartú. I gcás choincheap nua an allmhaireora mheasta, ba cheart a áirithiú le sainmhínithe nua go measfar gurb é an t-oibreoir eacnamaíoch, agus ní an tomhaltóir, an t-allmhaireoir i gcásanna áirithe, i gcomhthéacs díolacháin ar líne ó lasmuigh den Aontas Eorpach, agus go nglacfaidh sé na freagrachtaí comhfhreagracha. Ba cheart sainmhínithe nua a thabhairt isteach freisin i ndáil le raon feidhme níos leithne na bhforálacha maoirseachta custaim, bainistíochta riosca agus rialuithe custaim. | (7) Ba cheart sainmhínithe áirithe a leagtar amach in Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a oiriúnú chun raon feidhme níos leithne an Rialacháin seo a chur san áireamh, chun iad a ailíniú leo sin a leagtar amach i ngníomhartha eile de chuid an Aontais, agus chun téarmaíocht a bhfuil bríonna éagsúla léi in earnálacha éagsúla a shoiléiriú. Ba cheart sainmhínithe nua a áireamh i reachtaíocht chustaim chun róil agus freagrachtaí gníomhaithe áirithe sna próisis chustaim a shoiléiriú. I gcás an allmhaireora agus an onnmhaireora, is é sin le rá aon duine a bhfuil baint aige le ciandíolacháin earraí, ba cheart go bhfágfadh sainmhínithe nua gurb iad na daoine sin a bheadh freagrach as comhlíonadh na n-earraí, lena n-áirítear i leith rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir le comhlíonadh táirgí d'fhonn maoirseacht chustaim a neartú. I gcás choincheap nua an allmhaireora mheasta, ba cheart a áirithiú le sainmhínithe nua, i gcásanna áirithe, i gcomhthéacs díolacháin ar líne ó lasmuigh den Aontas, go meastar gurb é oibreoir eacnamaíoch, seachas an tomhaltóir, an t-allmhaireoir agus go nglacfaidh sé na freagrachtaí comhfhreagracha air féin, agus ba cheart go n-áiritheofaí leo gur chomhlíon an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha an reachtaíocht ábhartha arna cur i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim nuair a thagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó nuair a fhágann siad críoch chustaim an Aontais agus nuair atá taifid iomchuí ar chomhlíonadh den sórt sin á soláthar, á gcoimeád agus á gcur ar fáil aige. Ba cheart sainmhínithe nua a thabhairt isteach freisin i ndáil le raon feidhme níos leithne na bhforálacha maoirseachta custaim, bainistíochta riosca agus rialuithe custaim. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Lasmuigh dá ról traidisiúnta chun dleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil a bhailiú agus reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, tá ról ríthábhachtach ag údaráis chustaim chun forfheidhmiú a dhéanamh freisin ar reachtaíocht eile an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht náisiúnta eile maidir le hábhair chustaim. Ba cheart sainmhíniú ar an 'reachtaíocht eile [sin] a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm' a thabhairt isteach chun creat éifeachtach a fhorbairt lena ndéanfar cur i bhfeidhm agus maoirseacht na gceanglas áirithe sin maidir le hearraí a rialáil. Is féidir údar a thabhairt le toirmisc agus srianta den sórt sin ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; le sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; leis an gcomhshaol a chosaint, le seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus le réadmhaoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna poiblí eile a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim. Ba cheart a áireamh freisin i gcoincheap na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm bearta beartais tráchtála agus bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh, chomh maith le bearta sriantacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 215 CFAE. | (8) Lasmuigh dá ról traidisiúnta chun dleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil a bhailiú agus reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, tá ról ríthábhachtach ag údaráis chustaim chun forfheidhmiú a dhéanamh freisin ar reachtaíocht eile an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht náisiúnta eile maidir le hábhair chustaim. Ba cheart sainmhíniú ar an 'reachtaíocht eile [sin] a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm' a thabhairt isteach chun creat éifeachtach a fhorbairt lena ndéanfar cur i bhfeidhm agus maoirseacht na gceanglas áirithe sin maidir le hearraí a rialáil***, i gcomhréir le Rialachán 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle1a maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí, agus laistigh de na rialuithe custaim sonracha agus na nósanna imeachta sonracha a bhunaítear faoin Rialachán seo.*** Is féidir údar a thabhairt le toirmisc agus srianta den sórt sin ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; le sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; leis an gcomhshaol a chosaint, le seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus le réadmhaoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna poiblí eile a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim. Ba cheart go n-áireofaí freisin i gcoincheap na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm bearta beartais tráchtála***, i measc nithe eile***, lena n-áirítear comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil, |

agus bearta caomhnaithe agus bainistíochta iascaigh, chomh maith le bearta sriantacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 215 CFAE. ***Cruthaíonn éagsúlachtaí sna liostaí náisiúnta toirmisc agus srianta deacrachtaí suntasacha d'eintitis atá ag allmhairiú i roinnt Ballstát. Chun trádáil agus feidhmiú custaim a éascú, ba cheart don Aontas oibriú chun liostaí náisiúnta na dtoirmeasc agus na srianta a chomhchuibhiú de réir a chéile. Ina theannta sin, ba cheart sainmhínithe comhchuibhithe ar na téarmaí dlíthiúla a úsáidtear chun foráil a dhéanamh maidir le toirmisc agus srianta a ghlacadh, chun léirmhínithe éagsúla ag na Ballstáit a sheachaint.***

___________________

***[1a] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart a shoiléiriú cén iarmhairt a bheadh ann mura ndéanfadh údarás custaim cinneadh ar iarratas a fháil laistigh de na teorainneacha ama bunaithe. Ba cheart an prionsabal a bhunú freisin go meastar sa chás sin go bhfuil an t-iarratas faoi réir cinneadh diúltach agus go bhféadfaidh an t-iarratasóir achomharc a thaisceadh, i gcomhréir leis an riail ghinearálta maidir le cinntí custaim. | (10) Ba cheart a shoiléiriú cén iarmhairt a bheadh ann mura ndéanfadh údarás custaim cinneadh ar iarratas a fháil laistigh de na teorainneacha ama bunaithe. Ba cheart an prionsabal a bhunú freisin go meastar sa chás sin go bhfuil an t-iarratas faoi réir cinneadh diúltach agus go bhféadfaidh an t-iarratasóir achomharc a thaisceadh, i gcomhréir leis an riail ghinearálta maidir le cinntí custaim. ***Chun a áirithiú nach gcuirfear bac ar thrádáil i gcás ina gclisfeadh ar mhórscála ar na*** |

| | |
|---|---|
| | ***córais leictreonacha láraithe, ba cheart don Choimisiún agus d'Údarás Custaim an Aontais oibriú leis na Ballstáit ar nósanna imeachta cúltaca.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart oibleagáidí na n-allmhaireoirí measta, atá éagsúil leis na hoibleagáidí is infheidhme maidir le hallmhaireoirí [maidir leis an gcuid eile d'allmhaireoirí], a shoiléiriú freisin. Go sonrach, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le go ndéanfaidh an t-allmhaireoir measta an fhaisnéis is gá chun na hearraí díolta a scaoileadh i saorchúrsaíocht, chomh maith leis an bhfaisnéis nach mór don allmhaireoir measta a bhailiú chun críocha CBL, a sholáthar do na húdaráis chustaim. Tugtar mionsonraí faoin bhfaisnéis sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011[43] ón gComhairle. | (14) Ba cheart oibleagáidí na n-allmhaireoirí measta, atá éagsúil leis na hoibleagáidí is infheidhme maidir le hallmhaireoirí [maidir leis an gcuid eile d'allmhaireoirí], a shoiléiriú freisin. Go háirithe, ba cheart a shoiléiriú go gcruthaítear coincheap an allmhaireora mheasta chun críche dleachtanna custaim a bhailiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. ***De ghnáth, níl na hearraí i seilbh an allmhaireora mheasta agus aistrítear úinéireacht na n-earraí idir an t-allmhaireoir agus an custaiméir. Dá bhrí sin, beidh an t-allmhaireoir measta ag brath go minic ar chruinneas na faisnéise arna soláthar ag na hallmhaireoirí roimh an tseiceáil amach nó ar a dhéanaí nuair a bheidh sé in ann cóireáil cheart dleachtanna (oibleagáidí íocaíochta agus tuairiscithe) an idirbhirt a áirithiú.*** Ba cheart foráil a dhéanamh freisin gur cheart don allmhaireoir measta ní hamháin na sonraí is gá chun na hearraí a díoladh a scaoileadh i saorchúrsaíocht a sholáthar do na húdaráis chustaim ach freisin an fhaisnéis nach mór don allmhaireoir measta a bhailiú chun críocha CBL. Tugtar mionsonraí faoin bhfaisnéis sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011[43] ón gComhairle. |
| [43] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE | [43] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE |

maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 077 23.3.2011, lch. 1).

maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 077 23.3.2011, lch. 1).

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir agus coinníollacha áirithe chun go measfaidh údaráis chustaim gur trádálaithe comhlíontacha iontaofa iad, is féidir stádas AEO a dheonú dóibh agus féadfaidh siad tairbhiú dá réir sin d'éascuithe i bpróisis chustaim. Cé go n-áirithítear le scéim AEO go bhfuil na trádálaithe a bhíonn ag déileáil leis an gcuid is mó de thrádáil an Aontais ina dtrádálaithe iontaofa, tá laigí áirithe inti a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus i dtorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, go háirithe maidir le cleachtais náisiúnta éagsúla agus dúshláin maidir le faireachán ar chomhlíontacht AEO, ba cheart na rialacha a leasú chun oibleagáid a thabhairt isteach ar na húdaráis chustaim faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht gach 3 bliana ar a laghad. | (15) Oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir agus coinníollacha áirithe chun go measfaidh údaráis chustaim gur trádálaithe comhlíontacha iontaofa iad, is féidir stádas AEO a dheonú dóibh agus féadfaidh siad tairbhiú dá réir sin d'éascuithe i bpróisis chustaim. Cé go n-áirithítear le scéim AEO go bhfuil na trádálaithe a bhíonn ag déileáil leis an gcuid is mó de thrádáil an Aontais ina dtrádálaithe iontaofa, tá laigí áirithe inti a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus i dtorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, go háirithe maidir le cleachtais náisiúnta éagsúla agus dúshláin maidir le faireachán ar chomhlíontacht AEO, ba cheart na rialacha a leasú chun oibleagáid a thabhairt isteach ar na húdaráis chustaim faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht gach 3 bliana ar a laghad. ***Ba cheart d'Údarás Custaim nua an Aontais Eorpaigh faireachán a dhéanamh ar an oibleagáid sin freisin.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim agus ar an mbealach a n-oibrítear na húdaráis chustaim, tá comhpháirtíocht nua le hoibreoirí | (16) Mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim agus ar an mbealach a n-oibrítear na húdaráis chustaim, tá comhpháirtíocht nua le hoibreoirí |

| | |
|---|---|
| eacnamaíocha ag teastáil, is é sin an scéim um thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála. Na critéir agus na coinníollacha chun go dtiocfaidh trádálaí chun bheith ina thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, ba cheart dóibh critéir AEO a fhorbairt agus ba cheart a áirithiú leo freisin go measfar go bhfuil an trádálaí trédhearcach do na húdaráis chustaim. Dá bhrí sin, is iomchuí a chur de cheangal ar oibreoirí Iontaoibhe agus Seiceála rochtain a dheonú do na húdaráis chustaim ar a gcórais leictreonacha lena gcoimeádtar taifead ar a gcomhlíontacht agus ar ghluaiseacht a gcuid earraí. Ba cheart tairbhí áirithe a bheith ag gabháil leis an trédhearcacht, go háirithe an fhéidearthacht go scaoilfear na hearraí thar ceann lucht custaim gan gá a bheith lena n-idirghabháil ghníomhach, ach amháin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm go bhformheastar an scaoileadh roimh ré agus chun íocaíocht an fhéich custaim a chur siar. ***Ós rud é gur cheart an modh oibre sin a bheith ag dul in ionad an chinn atá bunaithe ar dhearbhuithe custaim de réir a chéile, is iomchuí oibleagáid na n-údarás custaim athmheasúnú a dhéanamh ar na húdaraithe AEO atá ann cheana i dtaca le simplithe custaim go dtí deireadh na hidirthréimhse a bhunú.*** | eacnamaíocha ag teastáil, is é sin an scéim um thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála. Na critéir agus na coinníollacha chun go dtiocfaidh trádálaí chun bheith ina thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, ba cheart dóibh critéir AEO a fhorbairt agus ba cheart a áirithiú leo freisin go measfar go bhfuil an trádálaí trédhearcach do na húdaráis chustaim. Dá bhrí sin, is iomchuí a chur de cheangal ar oibreoirí Iontaoibhe agus Seiceála rochtain a dheonú do na húdaráis chustaim ar a gcórais leictreonacha lena gcoimeádtar taifead ar a gcomhlíontacht agus ar ghluaiseacht a gcuid earraí, ar choinníoll go bhfuil an rochtain sin comhréireach agus fíor-riachtanach. Ba cheart tairbhí áirithe a bheith ag gabháil leis an trédhearcacht, go háirithe an fhéidearthacht go scaoilfear na hearraí thar ceann lucht custaim gan gá a bheith lena n-idirghabháil ghníomhach, ach amháin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm go bhformheastar an scaoileadh roimh ré agus chun íocaíocht an fhéich custaim a chur siar. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Is gá an ról atá ag ionadaithe custaim a shoiléiriú freisin mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim. Ba cheart a bheith in ann ionadaíocht dhíreach agus indíreach araon a dhéanamh i gcónaí, ach ba cheart a shoiléiriú go nglacann ionadaí indíreach allmhaireora nó onnmhaireora na hoibleagáidí uile atá ar allmhaireoirí nó | (17) Is gá an ról atá ag ionadaithe custaim a shoiléiriú freisin mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim. Ba cheart a bheith in ann ionadaíocht dhíreach agus indíreach araon a dhéanamh i gcónaí, ach ba cheart a shoiléiriú go nglacann ionadaí indíreach allmhaireora nó onnmhaireora na hoibleagáidí uile atá ar allmhaireoirí nó |

| | |
|---|---|
| onnmhaireoirí chuige féin, ní hamháin an oibleagáid chun an fiach custaim a íoc nó a ráthú ach an oibleagáid chun reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a urramú freisin. Ar an gcúis sin, ní mór d'ionadaithe custaim a bheith ina gcónaí i gcríoch chustaim an Aontais ina ndéanann siad ionadaíocht d'allmhaireoirí nó onnmhaireoirí, chun cuntasacht chuí i leith gnéithe airgeadais agus neamhairgeadais a áirithiú. Úsáid a bhaint as ionadaí indíreach custaim atá bunaithe san Aontais, is rogha mhalartach chomhréireach dá bhrí sin í atá ar fáil d'allmhaireoirí agus onnmhaireoirí nach bhfuil láithreacht tráchtála san Aontas acu. Thairis sin, ionadaithe custaim atá bunaithe i dtríú tíortha, féadfaidh siad leanúint de bheith ag soláthar a gcuid seirbhísí san Aontas i gcás ina ndéanfaidh siad ionadaíocht do dhaoine nach gceanglaítear orthu a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais. | onnmhaireoirí chuige féin, ní hamháin an oibleagáid chun an fiach custaim a íoc nó a ráthú ach an oibleagáid chun reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a urramú freisin. Ar an gcúis sin, ní mór d'ionadaithe custaim a bheith ina gcónaí i gcríoch chustaim an Aontais ina ndéanann siad ionadaíocht d'allmhaireoirí nó onnmhaireoirí, chun cuntasacht chuí i leith gnéithe airgeadais agus neamhairgeadais a áirithiú. Úsáid a bhaint as ionadaí indíreach custaim atá bunaithe san Aontais, is rogha mhalartach chomhréireach dá bhrí sin í atá ar fáil d'allmhaireoirí agus onnmhaireoirí nach bhfuil láithreacht tráchtála san Aontas acu. Thairis sin, ionadaithe custaim atá bunaithe i dtríú tíortha, féadfaidh siad leanúint de bheith ag soláthar a gcuid seirbhísí san Aontas i gcás ina ndéanfaidh siad ionadaíocht do dhaoine nach gceanglaítear orthu a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais. ***Is dúshlán é d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, ionadaithe iontaofa custaim a shainaithint.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Tá sé tábhachtach freisin aitheantas a thabhairt do na dúshláin shonracha do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[1a] maidir le ceanglais chustaim a chomhlíonadh agus conas is féidir é sin a éascú trí ionadaíocht dhíreach agus indíreach. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás nach bhfuil stádas trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála ag micrifhiontar nó ag fiontar beag agus meánmhéide. Ba cheart dóibh leanúint*** |

***de bheith in ann tairbhe a bhaint as ionadaíocht indíreach. Ba cheart don Choimisiún agus d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an socrú sin bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó na húdaráis ábhartha. Cuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle i bhfoirm tuarascála. Ar bhonn na tuarascála sin, ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh ar cheart réiteach reachtach a mholadh le haghaidh córas sonrach chun an caidreamh idir micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide agus ionadaithe custaim a chinneadh ar bhealach níos fearr d'fhonn trádáil a éascú agus cothromaíocht chóir freagrachtaí a áirithiú.***

__________________

***[1a] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Sula mbeidh Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ag feidhmiú go hiomlán, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún céim phíolótach a phleanáil agus a bhunú chun na feidhmiúlachtaí atá ábhartha do Mhol Sonraí Custaim an Aontais a thástáil. Ba cheart céim phíolótach den sórt sin a bheith deonach d'údaráis chustaim, d'údaráis eile agus d'oibreoirí eacnamaíocha.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí, go háirithe rialacha maidir le sonraí íogaire custaim agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, ba cheart sonraí neamhphearsanta a chur ar fáil do thríú páirtithe chun críoch sonrach, faoi réir údar iomchuí agus arna iarraidh sin. Ba cheart an rogha a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha gan nochtadh den sórt sin a cheadú.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun a áirithiú go mbeidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) in ann a cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i ndáil le gníomhaíochtaí calaoiseacha a dhéanann difear do leasanna an Aontais, is iomchuí rochtain a bheith aici ar shonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus an rochtain sin a bheith an-chosúil leis an rochtain atá ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart OLAF a bheith i dteideal na sonraí a phróiseáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le cosaint sonraí i reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Rialachán (AE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[48] . Chun a áirithiú go mbeidh OIPE (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh) in ann a himscrúduithe a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le custaim, ba cheart í a bheith i dteideal rochtain a iarraidh ar na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Chun | (24) Chun a áirithiú go mbeidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) in ann a cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i ndáil le gníomhaíochtaí calaoiseacha a dhéanann difear do leasanna an Aontais, is iomchuí rochtain a bheith aici ar shonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus an rochtain sin a bheith an-chosúil leis an rochtain atá ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart OLAF a bheith i dteideal na sonraí a phróiseáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le cosaint sonraí i reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Rialachán (AE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[48] . Chun a áirithiú go mbeidh OIPE (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh) in ann a himscrúduithe a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le custaim, ba cheart di a bheith i dteideal rochtain a fháil ar na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus na sonraí sin a |

na feidhmeanna a dhéantar i gcórais TF náisiúnta na mBallstát a chaomhnú, ba cheart an deis a bheith ag údaráis chánach na mBallstát na sonraí a phróiseáil go díreach laistigh de Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh nó na sonraí a asbhaint ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad a phróiseáil ar mhodhanna eile. Dá réir sin, údaráis atá freagrach as sábháilteacht bia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] agus na húdaráis atá freagrach as faireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart na seirbhísí agus na huirlisí cearta a sholáthar dóibh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh sa chaoi go n-úsáidfidh siad na sonraí custaim ábhartha chun rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha an Aontais agus dul i gcomhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí go dtiocfaidh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas a laghdú. Nuair a iarrann sé sin, is iomchuí rochtain a bheith ag Europol ar shonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh sé in ann a chúraimí a dhéanamh mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] . Ba cheart rochtain ar shonraí neamhphearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith ag gach comhlacht agus údarás eile an Aontais agus gach comhlacht agus údarás náisiúnta eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex).

[47] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom)

phróiseáil. Chun na feidhmeanna a dhéantar i gcórais TF náisiúnta na mBallstát a chaomhnú, ba cheart an deis a bheith ag údaráis chánach na mBallstát na sonraí a phróiseáil go díreach laistigh de Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh nó na sonraí a asbhaint ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad a phróiseáil ar mhodhanna eile. Dá réir sin, údaráis atá freagrach as sábháilteacht bia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] agus na húdaráis atá freagrach as faireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart na seirbhísí agus na huirlisí cearta a sholáthar dóibh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh sa chaoi go n-úsáidfidh siad na sonraí custaim ábhartha chun rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha an Aontais agus dul i gcomhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí go dtiocfaidh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas a laghdú. Nuair a iarrann sé sin, is iomchuí rochtain a bheith ag Europol ar shonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh sé in ann a chúraimí a dhéanamh mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] . Ba cheart rochtain ar shonraí neamhphearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith ag gach comhlacht agus údarás eile an Aontais agus gach comhlacht agus údarás náisiúnta eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex).

[47] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom)

Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[48] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair custam agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

[49] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

[50] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB,

Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[48] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair custam agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

[49] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

[50] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB,

2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(24 a) De bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939[1a] ón gComhairle, ba cheart do na húdaráis chustaim inniúla aon iompar coiriúil a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagail 22 agus 25(2) agus (3) den Rialachán sin a thuairisciú do OIPE gan moill mhíchuí. Ba cheart do na húdaráis inniúla chustaim staonadh ó bhearta a dhéanamh a d'fhéadfadh rúndacht imscrúduithe coiriúla a chur i mbaol ar na fíorais chéanna de chuid an údaráis inniúil náisiúnta bhreithiúnaigh nó forfheidhmithe dlí nó OIPE, nuair a iarrann na húdaráis sin orthu déanamh amhlaidh.*** |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(26) Ba cheart don Choimisiún na módúlachtaí a leagan síos maidir le*** | ***scriosta*** |

***rochtain na n-údarás sin ar fad agus rialacha á gcur chun feidhme aige, tar éis measúnú a dhéanamh ar na coimircí atá ann cheana atá i bhfeidhm ag gach údarás nó ag gach catagóir údarás chun a áirithiú go gcaithfear i gceart le sonraí íogaire pearsanta agus tráchtála.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is iomchuí sonraí pearsanta a bheith á stóráil i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Tá údar leis an tréimhse sin i bhfianaise na féidearthachta go dtabharfaidh údaráis chustaim fógra faoin bhfiach custaim suas le 10 mbliana tar éis an fhaisnéis is gá a fháil maidir le coinsíneacht, agus chun a áirithiú go mbeidh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, OLAF, údaráis chustaim agus údaráis seachas údaráis chustaim in ann an fhaisnéis i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chros-seiceáil in aghaidh na faisnéise a stóráiltear i gcórais eile agus a mhalartaítear leo. Thairis sin, ba cheart an tréimhse ama sin a bheith ailínithe leis an tréimhse stórála a cheanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh an reachtaíocht sin ábhartha do rialuithe custaim. Is iomchuí freisin an tréimhse coinneála sonraí a chur ar fionraí tráth ar bith a cheanglaítear sonraí pearsanta chun críoch imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin, imscrúduithe agus le linn rialuithe iarscaoilte, ionas nach léirscriosfar na sonraí pearsanta chun nach bhféadfaí iad a úsáid chun na gcríoch sin. | (27) Is iomchuí sonraí pearsanta a bheith á stóráil i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Tá údar leis an tréimhse sin i bhfianaise na féidearthachta go dtabharfaidh údaráis chustaim fógra faoin bhfiach custaim suas le 10 mbliana tar éis an fhaisnéis is gá a fháil maidir le coinsíneacht, agus chun a áirithiú go mbeidh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, OLAF, EPPO, údaráis chustaim agus údaráis seachas údaráis chustaim in ann an fhaisnéis i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chros-seiceáil in aghaidh na faisnéise a stóráiltear i gcórais eile agus a mhalartaítear leo. Thairis sin, ba cheart an tréimhse ama sin a bheith ailínithe leis an tréimhse stórála a cheanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh an reachtaíocht sin ábhartha do rialuithe custaim. Is iomchuí freisin an tréimhse coinneála sonraí a chur ar fionraí tráth ar bith a cheanglaítear sonraí pearsanta chun críoch imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin, imscrúduithe agus le linn rialuithe iarscaoilte, ionas nach léirscriosfar na sonraí pearsanta chun nach bhféadfaí iad a úsáid chun na gcríoch sin. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an ***[...].*** | (30) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an ***11 Iúil 2023*. *Meabhraíonn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, óna naoi moladh, gur cheart na critéir riosca atá le húsáid chun daoine a roghnú trí bhíthin uathphróiseáil, nuair a dhéantar cinntí aonair mar thoradh orthu, a bheith bunaithe ar imthosca atá iontaofa agus nasctha go díreach le tosca oibiachtúla, nach bhfuil riosca idirdhealaithe díreach nó indíreach ag baint leo, amhail cine, bunadh eitneach, reiligiún, treoshuíomh polaitiúil, gnéaschlaonadh, agus nach bhfuil róleathan.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Chun creat coiteann a bhunú don aontas custaim, is gá Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam ('Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam') a chomhtháthú i gCód Custaim an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] a aisghairm agus Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a chur leis an Rialachán seo.*** <br> ______________ <br> ***[1a] Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid*** |

***Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1)***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30b) Chun timpeallacht lán-digiteach agus próiseas éifeachtach imréitigh earraí a bhaint amach do na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an trádáil idirnáisiúnta, is gá rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam atá comhchuibhithe agus comhtháite. Ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais agus córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith san áireamh sa timpeallacht sin. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais malartú faisnéise le córais neamhchustaim an Aontais a chumasú i gcomhréir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam. Ba cheart Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a fhorbairt agus aird á tabhairt ar na féidearthachtaí maidir le sainaithint agus fíordheimhniú iontaofa a thairgtear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus an prionsabal 'aon-uaire', i gcás inarb iomchuí, mar a athdhearbhaítear i Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b]. Chun Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a chur chun feidhme, is gá, ar bhonn an treoirthionscadail, córas malartaithe deimhnithe a bhunú, eadhon Córas leictreonach Malartaithe*** |

*Deimhnithe Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam (CSW-CERTEX AE), lena ndéanfar Mol Sonraí Custaim an Aontais agus córais neamhchustaim an Aontais lena mbainistítear foirmiúlachtaí neamhchustaim sonracha a idirnascadh. Is gá freisin Mol Sonraí Custaim an Aontais a chomhtháthú i dTimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, agus tacar rialacha a bhunú maidir le comhar riaracháin digiteach laistigh de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam.*

______________________

*[1a] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).*

*[1b] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30c) Ba cheart Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a ailíniú agus a dhéanamh chomh hidir-inoibritheach agus is féidir le córais eile a bhaineann le custam atá ann cheana nó a bheidh ann amach*** |

***anseo, amhail an córas imréitigh láraithe faoin Rialachán seo. I gcás inarb ábhartha, ba cheart sineirgí a lorg idir timpeallacht Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam.***

***[1a] Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Ionaid Ilfhreastail Eorpach Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30d) Ní mór do Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais maidir le Custam réitigh a chomhtháthú lena n-áirithítear ardleibhéal cibearshlándála chun go gcoiscfear, a mhéid is féidir, ionsaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar na córais chustaim agus neamhchustaim, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil trádála nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do gheilleagar an Aontais. Ba cheart caighdeáin chibearshlándála a dhearadh sa chaoi is go bhforbrófar iad ar aon luas leis na ceanglais rialála maidir le slándáil faisnéise líonra. Agus Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais maidir le Custam á forbairt, á hoibriú agus á cothabháil, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit treoirlínte iomchuí arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir leis an gcibearshlándáil a*** |

***leanúint.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30e) Foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a leagtar síos i reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í a bhfuil sé de chúram ar na húdaráis chustaim iad a fhorfheidhmiú, ba cheart iad a chumhdach leis an malartú faisnéise digití trí CSW-CERTEX AE. Is éard atá i bhfoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais gach oibríocht atá le déanamh ag duine nádúrtha, oibreoir eacnamaíoch nó údarás inniúil comhpháirtíochta le haghaidh gluaiseacht idirnáisiúnta earraí, lena n-áirítear an chuid sin den ghluaiseacht idir na Ballstáit, nuair is gá sin. Leis na foirmiúlachtaí sin déantar oibleagáidí éagsúla a fhorchur maidir le hearraí áirithe a allmhairiú, a onnmhairiú nó a a chur faoi idirthuras agus tá tábhacht bhunúsach ag baint lena bhfíorú trí rialuithe custaim ó thaobh fheidhmiú éifeachtach Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais maidir le Custam. Ba cheart do CSW-CERTEX AE foirmiúlachtaí digitithe a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus arna mbainistiú ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta i gcórais leictreonacha neamhchustaim de chuid an Aontais a chumhdach, lena stóráiltear an fhaisnéis ábhartha ó na Ballstáit uile is gá le haghaidh imréiteach earraí. Is iomchuí, dá bhrí sin, foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais agus córais neamhchustaim an Aontais faoi seach ar cheart iad a bheith faoi réir comhar digiteach trí CSW-CERTEX AE a shainaithint. Go háirithe, ba cheart an sainmhíniú ar chórais neamhchustaim an*** |

***Aontais a bheith leathan agus ba cheart a chuimsiú leis na cásanna agus na foirmlithe dlíthiúla éagsúla i ngníomhartha dlí de chuid an Aontais lena gcumasaíodh nó lena gcumasófar cruthú agus úsáid na gcóras sin. Thairis sin, is iomchuí freisin na dátaí a shonrú faoinar cheart córas sonrach neamhchustaim an Aontais lena gcumhdaítear foirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais agus Mol Sonraí Custaim an Aontais a idirnascadh le CSW-CERTEX AE. Ba cheart go léireodh na dátaí sin na dátaí a bhunaítear i reachtaíocht an Aontais cé is moite den reachtaíocht chustaim chun foirmiúlacht shonrach neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh, chun comhlíonadh a cheadú trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam. Go háirithe, ba cheart a chumhdach ar dtús, le CSW-CERTEX AE, ceanglais sláintíochta agus fíteashláintíochta, rialacha lena rialaítear allmhairiú táirgí orgánacha, ceanglais chomhshaoil maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus substaintí ídithe ózóin, agus foirmiúlachtaí a bhaineann le hallmhairiú earraí cultúrtha.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30f) Ba cheart malartú faisnéise idir Mol Sonraí Custaim an Aontais agus córais neamhchustaim an Aontais a éascú le CSW-CERTEX AE . Dá réir sin, nuair a chuireann oibreoir eacnamaíoch dearbhú custaim nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin isteach, lena gceanglaítear foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a bheith comhlíonta, ba cheart údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a bheith in ann an fhaisnéis a éilítear don*** |

***phróiseas imréitigh custaim a mhalartú agus a fhíorú go huathoibríoch agus go héifeachtach. Le comhar agus comhordú digiteach feabhsaithe idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta, ba cheart go mbeadh próisis níos comhtháite, níos tapúla agus níos simplí gan pháipéar ann maidir le himréiteach earraí agus forfheidhmiú agus comhlíonadh níos fearr foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30g) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, CSW-CERTEX AE a fhorbairt, a chomhtháthú agus a oibriú, lena n-áirítear oiliúint iomchuí a chur ar fáil do na Ballstáit maidir lena fheidhmiú agus lena chur chun feidhme. Chun seirbhísí ilfhreastail iomchuí comhchuibhithe agus caighdeánaithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais, ba cheart don Choimisiún gach ceann de chórais neamhchustaim an Aontais a nascadh le CSW-CERTEX AE. Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as Mol Sonraí Custaim an Aontais a idirnascadh le CSW-CERTEX AE, le cúnamh, i gcás inar gá, ó Údarás Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Tá sé rithábhachtach sraith | (31) Tá sé rithábhachtach sraith |

| | |
|---|---|
| bainistíochta riosca custaim ar leibhéal an Aontais a bheith ann chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim i bhfeidhm go comhchuibhithe sna Ballstáit. Is ann faoi láthair do chreat coiteann bainistíochta riosca lena gcuimsítear an fhéidearthacht go ndéanfaí réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a shainaithint i réimse an riosca airgeadais chun rialuithe custaim a dhéanamh, ach tá easnaimh mhóra ann. Chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil a dhéantar do leasanna airgeadais agus neamhairgeadais an Aontais agus na mBallstát toisc nach bhfuil rialuithe custaim á gcur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus toisc go bhfuil easpa bainistíochta riosca comhchuibhithe ann, is iomchuí na rialacha a leasú chun cur chuige níos stóinsí i leith bainistíocht riosca a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon. Áirítear leis sin dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha maidir leis an mbainistíocht riosca ar rioscaí airgeadais a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Go sonrach, is iomchuí tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chuimsítear i mbainistíocht riosca custaim, i gcur chuige timthriallach. Tá sé tábhachtach na róil agus na freagrachtaí atá ag an gCoimisiún, ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ag údaráis chustaim na mBallstát a shainaithint freisin. Tá sé fíor-riachtanach freisin foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú, agus go bhféadfaidh sé réimsí sonracha a shainaithint i réimse reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ar fiú tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh bainistíocht choiteann riosca agus rialuithe, gan an tslándáil a chur i mbaol. | bainistíochta riosca custaim ar leibhéal an Aontais a bheith ann chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim i bhfeidhm go comhchuibhithe sna Ballstáit. Is ann faoi láthair do chreat coiteann bainistíochta riosca lena gcuimsítear an fhéidearthacht go ndéanfaí réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a shainaithint i réimse an riosca airgeadais chun rialuithe custaim a dhéanamh, ach tá easnaimh mhóra ann. Chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil a dhéantar do leasanna airgeadais agus neamhairgeadais an Aontais agus na mBallstát toisc nach bhfuil rialuithe custaim á gcur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus toisc go bhfuil easpa bainistíochta riosca comhchuibhithe ann, is iomchuí na rialacha a leasú chun cur chuige níos stóinsí i leith bainistíocht riosca a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon. Áirítear leis sin dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha maidir leis an mbainistíocht riosca ar rioscaí airgeadais a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Go sonrach, is iomchuí tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chuimsítear i mbainistíocht riosca custaim, i gcur chuige timthriallach. Tá sé tábhachtach na róil agus na freagrachtaí atá ag an gCoimisiún, ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ag údaráis chustaim na mBallstát a shainaithint freisin. Tá sé fíor-riachtanach freisin foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú, agus go bhféadfaidh sé réimsí sonracha a shainaithint i réimse reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ar fiú tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh bainistíocht choiteann riosca agus rialuithe, gan an tslándáil a chur i mbaol. ***Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar leis na húdaráis inniúla a fhorfheidhmíonn reachtaíocht eile arna cur i bhfeidhm ag lucht custaim, agus béim ar leith á leagan ar chomhoibriú le húdaráis faireachais*** |

| | |
|---|---|
| | ***margaidh.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Dá bhrí sin, is iomchuí gníomhaíochtaí agus forálacha bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndéanfar sonraí cuimsitheacha atá ábhartha don bhainistíocht riosca, lena n-áirítear torthaí na rialuithe uile agus meastóireacht orthu, a bhailiú ar leibhéal an Aontais. Déantar foráil leis maidir le hanailís choiteann riosca agus moltaí comhfhreagracha ón Aontas maidir le rialú a bheith á n-eisiúint d'údaráis chustaim. Ba cheart na moltaí sin maidir le rialú a chur chun feidhme, nó cúiseanna a lua maidir le cén fáth nár cuireadh i bhfeidhm iad. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir leis an bhféidearthacht go n-eiseofaí treoir nach bhféadfar earraí atá ceaptha don Aontas a luchtú nó a iompar. An anailís ar rioscaí agus bagairtí ar leibhéal an Aontais, ba cheart í a bheith bunaithe ar shonraí ar leibhéal an Aontais a thabharfar cothrom le dáta go leanúnach agus ba cheart na bearta agus na rialuithe atá le déanamh ag na pointí trasnaithe teorann isteach i gcríoch an Aontas agus amach uaithi a shainaithint léi. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí agus slándála go háirithe, ba cheart an bhainistíocht riosca ar leibhéal an Aontais, i gcás inar féidir, a bheith ag rannchuidiú le hanailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ag tairbhiú díobh, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta | (32) Dá bhrí sin, is iomchuí gníomhaíochtaí agus forálacha bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndéanfar sonraí cuimsitheacha atá ábhartha don bhainistíocht riosca, lena n-áirítear torthaí na rialuithe uile agus meastóireacht orthu, a bhailiú ar leibhéal an Aontais. Déantar foráil leis maidir le hanailís choiteann riosca agus moltaí comhfhreagracha ón Aontas maidir le rialú a bheith á n-eisiúint d'údaráis chustaim. Ba cheart na moltaí sin maidir le rialú a chur chun feidhme, nó cúiseanna a lua maidir le cén fáth nár cuireadh i bhfeidhm iad***. I gcomhréir leis an bprionsabal 'comhlíon nó mínigh', ba cheart na moltaí rialaithe sin a chur chun feidhme, nó ba cheart cúiseanna dosháraithe a sholáthar gan iad a chur i bhfeidhm. Ba cheart creat a bhunú chun cinnteacht a thabhairt maidir le cásanna inar ceadmhach imeacht ó na moltaí sin, mar shampla, nuair a bheidh tosaíochtaí práinneacha eile i réim.*** Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir leis an bhféidearthacht go n-eiseofaí treoir nach bhféadfar earraí atá ceaptha don Aontas a luchtú nó a iompar. An anailís ar rioscaí agus bagairtí ar leibhéal an Aontais, ba cheart í a bheith bunaithe ar shonraí ar leibhéal an Aontais a thabharfar cothrom le dáta go leanúnach agus ba cheart na bearta agus na rialuithe atá le déanamh ag na pointí trasnaithe teorann isteach i gcríoch an Aontas agus amach uaithi a shainaithint léi. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí agus slándála go háirithe, ba cheart an bhainistíocht riosca ar leibhéal an Aontais, i gcás inar féidir, a |

(Frontex) chun rannchuidiú leis an gcoireacht a chosc agus a chomhrac go héifeachtúil agus go héifeachtach.

bheith ag rannchuidiú le hanailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ag tairbhiú díobh, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) chun rannchuidiú leis an gcoireacht a chosc agus a chomhrac go héifeachtúil agus go héifeachtach. Ba cheart go mbeadh tionchar ag sárú tromchúiseach nó athshárú ar reachtaíocht eile a chuireann lucht custaim i bhfeidhm agus a bhraitheann údaráis chustaim nó údaráis inniúla eile ar phróifíl riosca na n-allmhaireoirí, na n-onnmhaireoirí nó na n-allmhaireoirí measta.

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit a dtagann earraí isteach den chéad uair, ba cheart dóibh anailís riosca a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir leis na hearraí sin agus ba cheart iad a bheith i dteideal raon leathan beart maolaithe a dhéanamh má bhraitheann siad riosca, lena n-áirítear rialuithe a iarraidh sula luchtófar na hearraí nó sula dtiocfaidh siad chuig críoch chustaim an Aontais, ag údarás custaim eile nó ag údaráis eile. Is é an t-iompróir is fearr a mbeadh a fhios aige, go ginearálta, cén uair a tháinig na hearraí, mar sin ba cheart dósan fógra a thabhairt faoi sin do lucht custaim. Chun freastal ar shlabhraí soláthair agus líonraí iompair níos casta, áfach, d’fhéadfaí a cheangal ar dhaoine eile fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi theacht na n-earraí chun go ndéanfaidh siad a n-anailís riosca. Chun a áirithiú go mbeidh | (35) Na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit a dtagann earraí isteach den chéad uair, ba cheart dóibh anailís riosca a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir leis na hearraí sin agus ba cheart iad a bheith i dteideal raon leathan beart maolaithe a dhéanamh má bhraitheann siad riosca, lena n-áirítear rialuithe a iarraidh sula luchtófar na hearraí nó sula dtiocfaidh siad chuig críoch chustaim an Aontais, ag údarás custaim eile nó ag údaráis eile. Go ginearálta, is é an t-iompróir is fearr a bheidh in ann a fháil amach cathain a tháinig na hearraí isteach ionas gur cheart dóibh fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoin teacht isteach sin, agus úsáid á baint, i gcás inarb infheidhme, as Timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí de bhun Rialachán (AE) 2019/1239. Chun freastal ar shlabhraí soláthair agus líonraí iompair níos casta, |

| | |
|---|---|
| réamhfhaisnéis lasta ag na húdaráis chustaim maidir leis na hearraí uile a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ba cheart cosc a chur ar an iompróir earraí a dhíluchtú mura bhfuil aon fhaisnéis ann lena n-aghaidh, ach amháin má d'iarr na na húdaráis chustaim ar an iompróir na hearraí a thíolacadh dóibh nó má tá cás éigeandála ann inar gá na hearraí a dhíluchtú. Os a choinne sin, chun an próiseas ina dtagann earraí isteach a bhfuil an réamhfhaisnéis lasta iomchuí ag na húdaráis chustaim lena n-aghaidh cheana a dhéanamh níos rianúla, níor cheart a cheangal ar an iompróir na hearraí a thíolacadh do lucht custaim i ngach cás ach, ina ionad sin, é a dhéanamh i gcás ina n-iarrfaidh na húdaráis chustaim amhlaidh nó i gcás ina gceanglaítear sin le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm agus sna cásanna sin amháin. | áfach, d'fhéadfaí a cheangal ar dhaoine eile fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi theacht na n-earraí chun go ndéanfaidh siad a n-anailís riosca. Chun a áirithiú go mbeidh réamhfhaisnéis lasta ag na húdaráis chustaim maidir leis na hearraí uile a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ba cheart cosc a chur ar an iompróir earraí a dhíluchtú mura bhfuil aon fhaisnéis ann lena n-aghaidh, ach amháin má d'iarr na na húdaráis chustaim ar an iompróir na hearraí a thíolacadh dóibh nó má tá cás éigeandála ann inar gá na hearraí a dhíluchtú. Os a choinne sin, chun an próiseas ina dtagann earraí isteach a bhfuil an réamhfhaisnéis lasta iomchuí ag na húdaráis chustaim lena n-aghaidh cheana a dhéanamh níos rianúla, níor cheart a cheangal ar an iompróir na hearraí a thíolacadh do lucht custaim i ngach cás ach, ina ionad sin, é a dhéanamh i gcás ina n-iarrfaidh na húdaráis chustaim amhlaidh nó i gcás ina gceanglaítear sin le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm agus sna cásanna sin amháin. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Nuair a bheidh ag na húdaráis chustaim an fhaisnéis is gá le haghaidh an nós imeachta ábhartha, ba cheart dóibh a chinneadh, bunaithe ar an anailís riosca, an ndéanfaidh siad tuilleadh rialuithe ar na hearraí, an scaoilfidh siad iad, an ndiúltóidh siad dá scaoileadh nó an gcuirfidh siad a scaoileadh ar fionraí nó an ligfidh siad an t-am dul i léig ionas go measfar na hearraí a bheith scaoilte. Ba cheart do na húdaráis chustaim déanamh amhlaidh i gcomhar le húdaráis eile, i gcás inar gá. Dá réir sin, ba cheart do na húdaráis chustaim diúltú do scaoileadh na | (38) Nuair a bheidh ag na húdaráis chustaim an fhaisnéis is gá le haghaidh an nós imeachta ábhartha, ba cheart dóibh a chinneadh, bunaithe ar an anailís riosca, an ndéanfaidh siad tuilleadh rialuithe ar na hearraí, an scaoilfidh siad iad, an ndiúltóidh siad dá scaoileadh nó an gcuirfidh siad a scaoileadh ar fionraí nó an ligfidh siad an t-am dul i léig ionas go measfar na hearraí a bheith scaoilte. Ba cheart do na húdaráis chustaim déanamh amhlaidh i gcomhar le húdaráis eile, i gcás inar gá. Dá réir sin, ba cheart do na húdaráis chustaim diúltú do scaoileadh na |

| | |
|---|---|
| n-earraí i gcás ina mbeidh fianaise acu nach gcomhlíonann na hearraí na ceanglais dlí is infheidhme. I gcás inar gá do na húdaráis chustaim dul i gcomhairle le húdaráis eile chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hearraí, ba cheart dóibh an scaoileadh a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar an comhairliúchán ar a laghad. Sna cásanna sin, ba cheart an cinneadh a dhéanfaidh na húdaráis chustaim ina dhiaidh sin a bheith ag brath ar fhreagra na n-údarás eile. Ionas nach gcuirfear bac ar thrádálaithe agus údaráis araon i gcásanna ina mbeidh roinnt ama ag teastáil chun teacht ar chonclúid maidir le comhlíontacht, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis chustaim na hearraí a scaoileadh ar choinníoll go leanfaidh an trádálaí de bheith á gcur ar an eolas maidir le suíomh na n-earraí ar feadh 15 lá ar a mhéad. Ar deireadh, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do na trádálaithe a sholáthair an fhaisnéis in am gan oibleagáid a chur ar na húdaráis chustaim freagairt do gach coinsíneacht, ba cheart na hearraí nár roghnaíodh lena rialú a mheas a bheith scaoilte tar éis tréimhse réasúnta. ***Ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal an tréimhse ama sin a shainiú i rialacha tarmligthe, á hoiriúnú, i gcás inar gá, don chineál tráchta nó don chineál pointí trasnaithe teorann.*** | n-earraí i gcás ina mbeidh fianaise acu nach gcomhlíonann na hearraí na ceanglais dlí is infheidhme. I gcás inar gá do na húdaráis chustaim dul i gcomhairle le húdaráis eile chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hearraí, ba cheart dóibh an scaoileadh a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar an comhairliúchán ar a laghad. Sna cásanna sin, ba cheart an cinneadh a dhéanfaidh na húdaráis chustaim ina dhiaidh sin a bheith ag brath ar fhreagra na n-údarás eile. Ionas nach gcuirfear bac ar thrádálaithe agus údaráis araon i gcásanna ina mbeidh roinnt ama ag teastáil chun teacht ar chonclúid maidir le comhlíontacht, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis chustaim na hearraí a scaoileadh ar choinníoll go leanfaidh an trádálaí de bheith á gcur ar an eolas maidir le suíomh na n-earraí. Ar deireadh, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do na trádálaithe a chuir an fhaisnéis ar fáil in am gan oibleagáid a chur ar na húdaráis chustaim freagairt do gach coinsíneacht, ba cheart a mheas gur scaoileadh na hearraí nár roghnaíodh le haghaidh rialaithe a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá féilire. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) A mhéid a sholáthraíonn trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála rochtain iomlán do lucht custaim ar a gcórais, a dtaifid agus a n-oibríochtaí, agus a mhéid a mheastar iad a bheith iontaofa, ba cheart iad a bheith in ann a gcuid earraí a scaoileadh faoi mhaoirseacht na n-údarás custaim gan fanacht lena n-idirghabháil. Dá réir sin, ba | (39) A mhéid a sholáthraíonn trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála rochtain iomlán do lucht custaim ar a gcórais, a dtaifid agus a n-oibríochtaí, agus a mhéid a mheastar iad a bheith iontaofa, ba cheart iad a bheith in ann a gcuid earraí a scaoileadh faoi mhaoirseacht na n-údarás custaim gan fanacht lena n-idirghabháil. Dá réir sin, ba |

| | |
|---|---|
| cheart trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a bheith in ann earraí a scaoileadh le haghaidh aon nós imeachta dul isteach tráth a fhaightear na hearraí ag an gceann scríbe deiridh nó le haghaidh aon nós imeachta fágála san áit a seachadtar na hearraí. Toisc go meastar na trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a bheith trédhearcach, ba cheart an teacht agus/nó an seachadadh a thaifeadadh go cuí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Ba cheart oibleagáid a bheith ar na hoibreoirí sin na húdaráis chustaim a chur ar an eolas i gcás ina dtiocfaidh fadhb aníos, sa chaoi go bhféadfaidh na húdaráis sin cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an scaoileadh. I gcás nach mbeidh córais rialuithe inmheánacha na dtrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála sách stóinseach, ba cheart na húdaráis chustaim a bheith in ann, i gcomhar le húdaráis eile, na trádálaithe a údarú chun seiceálacha áirithe a dhéanamh astu féin. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis chustaim i gcónaí, áfach, na hearraí a rialú tráth ar bith. | cheart trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a bheith in ann earraí a scaoileadh le haghaidh aon nós imeachta dul isteach tráth a fhaightear na hearraí ag an gceann scríbe deiridh nó le haghaidh aon nós imeachta fágála san áit a seachadtar na hearraí. Toisc go meastar na trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a bheith trédhearcach, ba cheart an teacht agus/nó an seachadadh a thaifeadadh go cuí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Ba cheart oibleagáid a bheith ar na hoibreoirí sin na húdaráis chustaim a chur ar an eolas i gcás ina dtiocfaidh fadhb aníos, sa chaoi go bhféadfaidh na húdaráis sin cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an scaoileadh. I gcás nach mbeidh córais rialuithe inmheánacha na dtrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála sách stóinseach, ba cheart na húdaráis chustaim a bheith in ann, i gcomhar le húdaráis eile, na trádálaithe a údarú chun seiceálacha áirithe a dhéanamh astu féin. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis chustaim i gcónaí, áfach, na hearraí a rialú tráth ar bith. ***Níor cheart stádas Iontaoibhe agus Seiceála a thabhairt do dhaoine a dhéanann sáruithe arís agus arís eile nó sáruithe tromchúiseacha ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais a chuireann údaráis chustaim i bhfeidhm.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) ***Dá gcuirfí na rialacha caighdeánacha maidir le ríomh dleachtanna i bhfeidhm in idirbhearta ríomhthráchtála, bheadh ualach riaracháin díréireach ar riaracháin chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha araon, i roinnt mhaith cásanna, go háirithe i leith bailiú ioncam. Chun go bhforbrófar cóireáil fhioscach agus*** | (48) Ba cheart rialacha áirithe de chuid an Chóid maidir le rangú earraí de réir taraife, tionscnamh agus luach custaim a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis na simplithe is infheidhme ag an allmhaireoir measta ar bhonn deonach i gcás ina mbeidh an dleacht chustaim á cinneadh in idirbheart gnólacht le tomhaltóir a cháilíonn mar chiandíol chun críocha CBL. |

***chustaim atá stóinseach éifeachtach le haghaidh earraí a allmhairítear ó thríú tíortha trí idirbhearta ríomhthráchtála ('ciandíol earraí allmhairithe'), tá reachtaíocht an Aontais le leasú chun an tairseach a bhaint ar faoina bun a dhéantar earraí ar luach diomaibhseach nach mó ná EUR 150 in aghaidh na coinsíneachta iad a dhíolmhú ó dhleachtanna custaim tráth an allmhairiúcháin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle[53] , agus chun cóireáil shimplithe taraife a thabhairt isteach ar chiandíol earraí allmhairithe ó thríú tíortha i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[54] (Combined Nomenclature).*** I bhfianaise na leasuithe beartaithe sin, ba cheart rialacha áirithe de chuid an Chóid maidir le rangú earraí de réir taraife, tionscnamh agus luach custaim a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis na simplithe is infheidhme ag an allmhaireoir measta ar bhonn deonach i gcás ina mbeidh an dleacht chustaim á cinneadh in idirbheart gnólacht le tomhaltóir a cháilíonn mar chiandíol chun críocha CBL. Is éard ba cheart a bheith i gceist leis na simplithe an fhéidearthacht go ríomhfar an dleacht chustaim a bheidh dlite trí cheann de na taraifí nua buicéid san Ainmníocht Chomhcheangailte a chur i bhfeidhm maidir le luach arna ríomh ar bhealach níos simplí. Faoi na rialacha simplithe maidir le hidirbhearta ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir, ba cheart a mheas gurb é an luach custaim é na costais iompair iomlána chomh fada le ceann scríbe deiridh an táirge agus níor cheart aon tionscnamh a cheangal. Más mian leis an allmhaireoir measta tairbhiú de rátaí taraife fabhracha trí stádas tionscnaimh na n-earraí a chruthú, áfach, féadfaidh an duine sin déanamh amhlaidh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm.

Is éard ba cheart a bheith i gceist leis na simplithe an fhéidearthacht go ríomhfar an dleacht chustaim a bheidh dlite trí cheann de na taraifí nua buicéid san Ainmníocht Chomhcheangailte a chur i bhfeidhm maidir le luach arna ríomh ar bhealach níos simplí. Faoi na rialacha simplithe maidir le hidirbhearta ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir, ba cheart a mheas gurb é an luach custaim é na costais iompair iomlána chomh fada le ceann scríbe deiridh an táirge agus níor cheart aon tionscnamh a cheangal. Más mian leis an allmhaireoir measta tairbhiú de rátaí taraife fabhracha trí stádas tionscnaimh na n-earraí a chruthú, áfach, féadfaidh an duine sin déanamh amhlaidh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm.

---

***[53] Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena***

***mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).***

***[54] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart sásra bainistithe géarchéime a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ionchasacha san aontas custaim. Cuireadh i dtábhacht sa Phlean Gníomhaíochta Custaim go bhfuil sásra den sórt sin in easnamh ar leibhéal an Aontais[55]. Ba cheart sásra a bhunú dá bhrí sin lena mbeidh baint ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaire ríthábhachtach chun na bearta praiticiúla agus na socruithe a chinneann an Coimisiún a chur i bhfeidhm i gcás géarchéime a ullmhú agus a chomhordú agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an ullmhacht freagartha ar ghéarchéimeanna a choinneáil ar bun ar feadh fhad iomlán na géarchéime. | (52) Ba cheart sásra bainistithe géarchéime a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ionchasacha san aontas custaim. Cuireadh i dtábhacht sa Phlean Gníomhaíochta Custaim go bhfuil sásra den sórt sin in easnamh ar leibhéal an Aontais[55]. Ba cheart sásra a bhunú dá bhrí sin lena mbeidh baint ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaire ríthábhachtach chun na bearta praiticiúla agus na socruithe a chinneann an Coimisiún a chur i bhfeidhm i gcás géarchéime a ullmhú agus a chomhordú agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an ullmhacht freagartha ar ghéarchéimeanna a choinneáil ar bun ar feadh fhad iomlán na géarchéime. ***Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tuairisc a thabhairt don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na mbeart agus na socruithe praiticiúla.*** |
| ___ | ___ |
| [55] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, An tAontas Custaim a thabhairt go dtí an Chéad Leibhéal Eile: | [55] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, An tAontas Custaim a thabhairt go dtí an Chéad Leibhéal Eile: |

Plean Gníomhaíochta, 28.9.2020 (COM/2020/581 final).

Plean Gníomhaíochta, 28.9.2020 (COM/2020/581 final).

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Níl struchtúr soiléir bainistíochta oibríochtúla sa chreat rialachais atá ann cheana le haghaidh an aontais custaim, agus ní léirítear leis an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí custaim ó cruthaíodh in 1968 é. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is iad údaráis chustaim náisiúnta atá freagrach as na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbainistíocht rioscaí i sreafaí trádála, amhail rialuithe ar an talamh a chur chun feidhme agus cinntí a dhéanamh maidir leo. D'ainneoin comhar a bheith idir riaracháin chustaim náisiúnta ó cruthaíodh an t-aontas custaim, rud a raibh malartú dea-chleachtais agus saineolais agus forbairt treoirlínte coiteanna mar thoradh air, níor forbraíodh cur chuige comhchuibhithe agus creat oibríochtúil dá thoradh. Faoi láthair, tá éagsúlachtaí cleachtais sna Ballstáit a lagaíonn an t-aontas custaim. Níl aon chumas lárnach ann i dtaobh anailís riosca ná aon léargas coiteann ar ord tosaíochta rioscaí, tá an comhordú ar ghníomhaíochtaí agus rialuithe custaim teoranta agus níl aon chreat comhair ann idir na húdaráis éagsúla a fhreastalaíonn ar an margadh aonair. Le sraith oibríochtúil lárnach de chuid an Aontais chun saineolas agus acmhainní a thiomsú agus cinntí a dhéanamh le chéile, ba cheart aghaidh a thabhairt ar laigí den sórt sin i réimsí amhail bainistíocht sonraí, bainistíocht riosca agus oiliúint chun an t-aontas custaim a chur ag gníomhú 'mar údarás amháin'. Dá bhrí sin, is iomchuí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú. Tá cruthú an Údaráis nua sin ríthábhachtach chun feidhmiú éifeachtúil | (53) Níl struchtúr soiléir bainistíochta oibríochtúla sa chreat rialachais atá ann cheana le haghaidh an aontais custaim, agus ní léirítear leis an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí custaim ó cruthaíodh in 1968 é. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is iad údaráis chustaim náisiúnta atá freagrach as na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbainistíocht rioscaí i sreafaí trádála, amhail rialuithe ar an talamh a chur chun feidhme agus cinntí a dhéanamh maidir leo. ***Níl déine thrácht na n-earraí ag teorainneacha seachtracha cothrom ar fud an Aontais.*** D'ainneoin comhar a bheith idir riaracháin chustaim náisiúnta ó cruthaíodh an t-aontas custaim, rud a raibh malartú dea-chleachtais agus saineolais agus forbairt treoirlínte coiteanna mar thoradh air, níor forbraíodh cur chuige comhchuibhithe agus creat oibríochtúil dá thoradh. Faoi láthair, tá éagsúlachtaí cleachtais sna Ballstáit a lagaíonn an t-aontas custaim. Níl aon chumas lárnach ann i dtaobh anailís riosca ná aon léargas coiteann ar ord tosaíochta rioscaí, tá an comhordú ar ghníomhaíochtaí agus rialuithe custaim teoranta agus níl aon chreat comhair ann idir na húdaráis éagsúla a fhreastalaíonn ar an margadh ***inmheánach***. Le sraith oibríochtúil lárnach de chuid an Aontais chun saineolas agus acmhainní a thiomsú agus cinntí a dhéanamh le chéile, ba cheart aghaidh a thabhairt ar laigí den sórt sin i réimsí amhail bainistíocht sonraí, bainistíocht riosca agus oiliúint chun an t-aontas custaim a chur ag gníomhú 'mar údarás amháin'. Dá bhrí sin, is iomchuí Údarás |

| | |
|---|---|
| leormhaith an aontais custaim a áirithiú, chun gníomhaíocht chustaim a chomhordú go lárnach agus chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás custaim. | Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú. Tá cruthú an Údaráis nua sin ríthábhachtach chun feidhmiú éifeachtúil leormhaith an aontais custaim a áirithiú, chun gníomhaíocht chustaim a chomhordú go lárnach agus chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás custaim. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55a) Tá sé de fhreagracht ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh na hacmhainní cuí ag na húdaráis chustaim, go mbeidh an oiliúint chuí orthu, agus go mbeidh an cumas acu a misean a chomhlíonadh, lena n-áirítear cumhachtaí imscrúdaitheacha cuí.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55b) Tá infheistíochtaí suntasacha de dhíth ar lucht custaim, go háirithe i bhfianaise líon leordhóthanach ball foirne a bhfuil oiliúint chuí orthu chun feidhmiú chórais chustaim an Aontais a ráthú, ar córais iad a bhfuil méadú easpónantúil ar éilimh le sárú acu; cé nach féidir le réitigh dhigiteacha a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach gan na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh sa fhoireann. Dá bhrí sin, ba cheart go ráthófaí le hinfheistíochtaí i gcórais dhigiteacha cistiú leordhóthanach don fhoireann agus a n-oiliúint chun na scileanna is gá a éileamh maidir le trealamh úrscothach, teicneolaíocht le haghaidh anailísíocht, brath agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***rialuithe mórshonraí agus, dá bhrí sin, chun a ráthú go ndéanfar rialuithe custaim go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin ar Bhord Bainistíochta chun feidhmiú éifeachtach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na gcáilíochtaí i gcomhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a roghnú. Ó tharla go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an aontas custaim, agus go bhfuil dlúthnasc idir an réimse custaim agus réimsí eile beartais, is iomchuí a chathaoirleach a thoghadh as measc na n-ionadaithe sin de chuid an Choimisiúin. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Bhord Bainistíochta, go háirithe, doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh lena n-áirítear clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, a fheidhmeanna maidir le buiséad an Údaráis a dhéanamh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le cúraimí oibríochtúla an Údaráis arb é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhéanann iad. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Bainistíochta. | (56) Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát, thar ceann an Choimisiúin agus thar ceann Pharlaimint na hEorpa ar Bhord Bainistíochta chun feidhmiú éifeachtach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na gcáilíochtaí i gcomhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a roghnú. Ó tharla go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an aontas custaim, agus go bhfuil dlúthnasc idir an réimse custaim agus réimsí eile beartais, is iomchuí a chathaoirleach a thoghadh as measc na n-ionadaithe sin de chuid an Choimisiúin. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Bhord Bainistíochta, go háirithe, doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh lena n-áirítear clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, a fheidhmeanna maidir le buiséad an Údaráis a dhéanamh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le cúraimí oibríochtúla an Údaráis arb é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhéanann iad. Ba cheart Bord Feidhmiúcháin agus comhlacht comhairleach a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí tomhaltóirí, ar chomhlachais ghnó agus ar ghníomhaithe ábhartha |

neamhstáit eile a bheith de chúnamh ag an mBord Bainistíochta.

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(56a) Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais an Bord Comhairleach Custaim a bhunú, agus ba cheart dó cuidiú lena Bhord Feidhmiúcháin. Ba cheart é a chur de chúram air comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí teicniúla agus cinntí teicniúla, lena n-áirítear bainistiú riosca agus réimsí tosaíochta rialaithe, maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme agus caighdeánú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhchuibhithe nó an gá atá leis na rialacha a oiriúnú, comhairle a thabhairt maidir le gnéithe custaim reachtaíochta eile a chuireann lucht custaim i bhfeidhm, agus comhairle a sholáthar i gcomhthéacs aon ghníomhaíochtaí eile de chuid an Údaráis. Ba cheart don Bhord Comhairleach Custaim féachaint le hionadaíocht chothrom na ngeallsealbhóirí a bhaint amach idir leas tráchtála agus neamhthráchtála agus, laistigh den chatagóir leasanna tráchtála, maidir le FBManna agus gnóthais eile.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Chun a misean a bhaint amach, téann údaráis chustaim i ndlúthchomhar tráthrialta le húdaráis um fhaireachas margaidh, údaráis rialaithe sláintíochta | (58) Chun a misean a bhaint amach, téann údaráis chustaim i ndlúthchomhar tráthrialta le húdaráis um fhaireachas margaidh, údaráis rialaithe sláintíochta |

| | |
|---|---|
| agus fíteashláintíochta, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis bainistithe teorainneacha, comhlachtaí cosanta comhshaoil, saineolaithe maidir le maoin chultúir agus roinnt mhaith údaráis eile atá i gceannas ar bheartais earnálacha. I bhfianaise na forbartha a tháinig ar an margadh aonair agus atá ag teacht ar ról custaim, agus i bhfianaise an mhéadaithe ar thoirmisc agus srianta agus ar an ríomhthráchtáil, is gá an comhar sin a struchtúrú agus a threisiú ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. In ionad comhair a bhíonn dírithe ar choinsíneachtaí aonair nó teagmhais shonracha ar feadh an tslabhra soláthair, is éard ba cheart a bheith ann creat struchtúrtha um chomhar idir údaráis chustaim agus údaráis eile atá freagrach as réimsí ábhartha beartais. Ba cheart na gnéithe seo a leanas a áireamh sa chreat comhair sin: reachtaíocht agus riachtanais bheartais i réimse sonrach a fhorbairt, faisnéis a mhalartú agus anailís a dhéanamh uirthi, straitéis fhoriomlán comhair a fhorbairt i bhfoirm straitéisí maoirseachta comhpháirtí agus, ar deireadh, comhar maidir le cur chun feidhme oibríochtúil, faireachán agus rialuithe. Cuid den reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún a cur i bhfeidhm a éascú freisin trí liosta a dhéanamh de reachtaíocht an Aontais lena bhforchuirtear ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir rialuithe custaim arb é is aidhm dóibh leasanna poiblí, amhail sláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, na tomhaltóirí agus an comhshaol, a chosaint. | agus fíteashláintíochta, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis bainistithe teorainneacha, comhlachtaí cosanta comhshaoil, saineolaithe maidir le maoin chultúir agus roinnt mhaith údaráis eile atá i gceannas ar bheartais earnálacha. I bhfianaise na forbartha a tháinig ar an margadh inmheánach agus atá ag teacht ar ról custaim, agus i bhfianaise an mhéadaithe ar thoirmisc agus srianta agus ar an ríomhthráchtáil, is gá an comhar sin a struchtúrú agus a threisiú ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. In ionad comhair a bhíonn dírithe ar choinsíneachtaí aonair nó teagmhais shonracha ar feadh an tslabhra soláthair, is éard ba cheart a bheith ann creat struchtúrtha um chomhar idir údaráis chustaim agus údaráis eile atá freagrach as réimsí ábhartha beartais. Ba cheart na gnéithe seo a leanas a áireamh sa chreat comhair sin: reachtaíocht agus riachtanais bheartais i réimse sonrach a fhorbairt, faisnéis a mhalartú agus anailís a dhéanamh uirthi, straitéis fhoriomlán comhair a fhorbairt i bhfoirm straitéisí maoirseachta comhpháirtí agus, ar deireadh, comhar maidir le cur chun feidhme oibríochtúil, faireachán agus rialuithe. Cuid den reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún a cur i bhfeidhm a éascú freisin trí liosta a dhéanamh de reachtaíocht an Aontais lena bhforchuirtear ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir rialuithe custaim arb é is aidhm dóibh leasanna poiblí, amhail sláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, na tomhaltóirí agus an comhshaol, a chosaint. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Chun soiléireacht a mhéadú agus an | (59) Chun soiléireacht a mhéadú agus an |

| | |
|---|---|
| creat comhair idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis chomhpháirtíochta eile a chur i riocht níos éifeachtúla, ba cheart go saineofaí go soiléir i liosta na seirbhísí a chuireann údaráis chustaim ar fáil an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na húdaráis chustaim i gcur i bhfeidhm beartas ábhartha eile ag teorainneacha an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chreata comhair. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh dul i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, OLAF, agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile an Aontais, amhail Europol agus Frontex chomh maith le gníomhaireachtaí agus líonraí speisialaithe sna réimsí beartais faoi seach, amhail Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí. | creat comhair idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis chomhpháirtíochta eile a chur i riocht níos éifeachtúla, ba cheart go saineofaí go soiléir i liosta na seirbhísí a chuireann údaráis chustaim ar fáil an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na húdaráis chustaim i gcur i bhfeidhm beartas ábhartha eile ag teorainneacha an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chreata comhair. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh dul i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, OLAF, agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile an Aontais, amhail Europol, OIPE agus Frontex chomh maith le gníomhaireachtaí agus líonraí speisialaithe sna réimsí beartais faoi seach, amhail Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) I ndomhan atá ag éirí níos idirnasctha i gcónaí, is gnéithe tábhachtacha d'obair údarás custaim ar fud an domhain iad taidhleoireacht chustaim agus comhar idirnáisiúnta. Ba cheart a bheartú leis an gcomhar idirnáisiúnta an fhéidearthacht go malartófaí sonraí custaim, ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta nó reachtaíocht neamhspleách an Aontais, trí mhodhanna iomchuí slána cumarsáide, faoi réir urraim d'fhaisnéis rúnda agus do chosaint sonraí pearsanta, amhail trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. | (60) I ndomhan atá ag éirí níos idirnasctha i gcónaí, is gnéithe tábhachtacha d'obair údarás custaim ar fud an domhain iad taidhleoireacht chustaim agus comhar idirnáisiúnta. Ba cheart a bheartú leis an gcomhar idirnáisiúnta an fhéidearthacht go malartófaí sonraí custaim, ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta nó reachtaíocht neamhspleách an Aontais, trí mhodhanna iomchuí slána cumarsáide, faoi réir urraim d'fhaisnéis rúnda agus do chosaint sonraí pearsanta, amhail trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. ***Níor cheart go sáródh an creat dlíthiúil sin inniúlacht na mBallstát maidir le rannpháirtíocht dhéthaobhach nó iltaobhach le tríú tíortha maidir le cúraimí náisiúnta.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) D'ainneoin go bhfuil an reachtaíocht chustaim comhchuibhithe tríd an gCód, níor áiríodh le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ach an oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis i gcás nach gcomhlíontar an reachtaíocht chustaim agus níor ceanglaíodh leis ach go mbeadh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá rogha pionós custaim ag na Ballstáit, dá bhrí sin, a bhfuil éagsúlacht mhór eatarthu ar fud na mBallstát agus atá faoi réir forbartha le himeacht ama. Ba cheart creat coiteann a leagan síos lena mbunaítear croíthacar íosta sáruithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla. Tá gá le creat den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cur i bhfeidhm aonfhoirmigh agus na héagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit i gcur i bhfeidhm smachtbhannaí in aghaidh sáruithe ar reachtaíocht chustaim a d'fhéadfadh saobhadh ar an iomaíocht, bealaí éalaithe agus 'siopadóireacht chustaim' a bheith mar thoradh orthu. Is éard ba cheart a bheith sa chreat liosta coiteann de ghníomhartha nó neamhghníomhartha ar cheart iad a bheith ina sáruithe custaim sna Ballstáit uile. Chun na smachtbhannaí is infheidhme a chinneadh, ba cheart d'údaráis chustaim a shainiú an ndéantar na gníomhartha nó na neamhghníomhartha sin d'aon ghnó nó trí fhaillí fhollasach. | (61) D'ainneoin go bhfuil an reachtaíocht chustaim comhchuibhithe tríd an gCód, níor áiríodh le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ach an oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis i gcás nach gcomhlíontar an reachtaíocht chustaim agus níor ceanglaíodh leis ach go mbeadh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá rogha pionós custaim ag na Ballstáit, dá bhrí sin, a bhfuil éagsúlacht mhór eatarthu ar fud na mBallstát agus atá faoi réir forbartha le himeacht ama. Ba cheart creat coiteann a leagan síos lena mbunaítear croíthacar íosta sáruithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla. ***D'fhéadfaí neamhchomhlíonadh oibleagáidí an allmhaireora, an onnmhaireora agus an allmhaireora mheasta a áireamh ar liosta na sáruithe custaim.*** Tá gá le creat den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cur i bhfeidhm aonfhoirmigh agus na héagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit i gcur i bhfeidhm smachtbhannaí in aghaidh sáruithe ar reachtaíocht chustaim a d'fhéadfadh saobhadh ar an iomaíocht, bealaí éalaithe agus 'siopadóireacht chustaim' a bheith mar thoradh orthu. Is éard ba cheart a bheith sa chreat liosta coiteann de ghníomhartha nó neamhghníomhartha ar cheart iad a bheith ina sáruithe custaim sna Ballstáit uile. Chun na smachtbhannaí is infheidhme a chinneadh, ba cheart d'údaráis chustaim a shainiú an ndéantar na gníomhartha nó na neamhghníomhartha sin d'aon ghnó nó trí fhaillí fhollasach. ***Ba cheart na smachtbhannaí agus na dliteanais a fhorchuirtear ar oibreoirí eacnamaíocha a bheith comhréireach leis an ról atá acu i bpróiseas an idirbhirt, agus cothroime*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus soiléireacht á n-áirithiú ina gcur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus d'Údarás Custaim an Aontais dea-chleachtais maidir le hiniúchóireacht agus smachtbhannaí a mhalartú go rialta, d'fhonn feabhas a chur ar chomhleanúnachas i gcur i bhfeidhm na smachtbhannaí.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) Is gá freisin croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla a bhunú lena ndéanfar foráil maidir le híosmhéideanna muirear airgid agus an fhéidearthacht go ndéanfaí údaruithe custaim a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a leasú, lena n-áirítear i gcás Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, agus maidir le coigistiú na n-earraí. Ba cheart na híosmhéideanna muirear airgid a bheith ag brath ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an sárú custaim d'aon ghnó agus ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar aige ar an méid dleachtanna custaim agus muirear eile agus ar thoirmisc agus srianta. An croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla, ba cheart feidhm a bheith aige gan dochar do dhlíchóras náisiúnta na mBallstát, lenar féidir foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla ina ionad sin. | (64) Is gá freisin croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla a bhunú lena ndéanfar foráil maidir le híosmhéideanna muirear airgid agus an fhéidearthacht go ndéanfaí údaruithe custaim a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a leasú, lena n-áirítear i gcás Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, agus maidir le coigistiú na n-earraí. Ba cheart na híosmhéideanna muirear airgid a bheith ag brath ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an sárú custaim d'aon ghnó agus ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar aige ar an méid dleachtanna custaim agus muirear eile agus ar thoirmisc agus srianta. An croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla, ba cheart feidhm a bheith aige gan dochar do dhlíchóras náisiúnta na mBallstát, lenar féidir foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla ina ionad sin. ***Ba cheart do na Ballstáit, don Choimisiún agus d'Údarás Custaim an Aontais oibriú i gcomhar le chéile chun comhleanúnachas na smachtbhannaí neamhchoiriúla agus a gcur i bhfeidhm ar fud an Aontais a mhéadú de réir a chéile.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim ar bhonn bliantúil ar a laghad chun caoi a thabhairt don Choimisiún, le cuidiú na mBallstát, na beartais a threoshuíomh mar is iomchuí. Ba cheart bailiú faisnéise ó údaráis chustaim a chur ar bhonn foirmiúil agus a dhoimhniú, toisc go gcuirfeadh tuilleadh tuairiscithe chuimsithigh feabhas ar an tagarmharcáil agus d'fhéadfadh sé cuidiú le cleachtais a dhéanamh aonchineálach agus le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn cinntí beartais custaim. Is iomchuí dá bhrí sin creat dlíthiúil a thabhairt isteach le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim. Chun go mbeidh an ghráinneacht anailíse leordhóthanach, ba cheart an tomhas feidhmíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann araon. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacú leis an gCoimisiún sa phróiseas meastóireachta trí na sonraí a bhailiú i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus anailís a dhéanamh orthu ann agus trína shainaithint conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim. Go sonrach, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí ionchasacha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí agus slándála go háirithe, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith rannpháirteach freisin, ó thaobh na hoibríochta de, in anailísí straitéiseacha | (65) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim ar bhonn bliantúil ar a laghad ionas go mbeidh an Coimisiún in ann, le cabhair ó na Ballstáit, na treoshuímh bheartais iomchuí a ghlacadh agus ba cheart an tuarascáil mheastóireachta sin a fhoilsiú. Ba cheart bailiú faisnéise ó údaráis chustaim a chur ar bhonn foirmiúil agus a dhoimhniú, toisc go gcuirfeadh tuilleadh tuairiscithe chuimsithigh feabhas ar an tagarmharcáil agus d'fhéadfadh sé cuidiú le cleachtais a dhéanamh aonchineálach agus le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn cinntí beartais custaim. Is iomchuí dá bhrí sin creat dlíthiúil a thabhairt isteach le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim. Chun go mbeidh an ghráinneacht anailíse leordhóthanach, ba cheart an tomhas feidhmíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann araon. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacú leis an gCoimisiún sa phróiseas meastóireachta trí na sonraí a bhailiú i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus anailís a dhéanamh orthu ann agus trína shainaithint conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim. Go sonrach, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí ionchasacha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí agus slándála go háirithe, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith rannpháirteach freisin, ó thaobh na |

| | |
|---|---|
| agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Europol agus Frontex. | hoibríochta de, in anailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Europol agus Frontex. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 – fleasc 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – ***an tréimhse réasúnta ama ar ina diaidh a mheasfar go mbeidh na hearraí scaoilte ag na húdaráis chustaim i gcás nár roghnaigh siad le haghaidh aon rialú iad;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (74) Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha dul i mbun cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid, ar bhonn deonach, in 2032. Faoi dheireadh 2037, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lánfhorbartha agus úsáidfidh gach oibreoir eacnamaíoch an tráth sin é. Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus allmhaireoirí measta bunaithe maoirseacht orthu. De mhaolú air sin agus faoi réir athbhreithniú, leanfaidh oibreoirí nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála ná allmhaireoirí measta iad faoi mhaoirseacht údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil na hearraí lonnaithe go fisiceach. Faoin 31 Nollaig 2035 ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an dá shamhail mhaoirseachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-éifeachtacht chun calaois a bhrath agus a | (74) ***Ón 1 Eanáir 2029***, ba cheart an ceart a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha dul i mbun cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid, ar bhonn deonach. Faoin 31 Nollaig 2032, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lánfhorbartha agus úsáidfidh gach oibreoir eacnamaíoch an tráth sin é. Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus allmhaireoirí measta bunaithe maoirseacht orthu. De mhaolú air sin agus faoi réir athbhreithniú, leanfaidh oibreoirí nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála ná allmhaireoirí measta iad faoi mhaoirseacht údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil na hearraí lonnaithe go fisiceach. Faoin 31 Nollaig 2035 ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an dá shamhail mhaoirseachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-éifeachtacht |

| | |
|---|---|
| chosc. Ba cheart gnéithe cánachais indírigh a bhreithniú sa mheastóireacht freisin. Bunaithe ar an meastóireacht sin, ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal cinneadh a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe ar cheart leanúint den dá shamhail nó ar cheart don údarás custaim atá freagrach as áit bhunaithe an trádálaí, i ngach cás, na hearraí a scaoileadh. Ba cheart an áit a dtabhaítear fiach custaim a rialáil freisin i gcomhréir le cinneadh an údaráis custaim fhreagraigh; | chun calaois a bhrath agus a chosc. Ba cheart gnéithe cánachais indírigh a bhreithniú sa mheastóireacht freisin. Bunaithe ar an meastóireacht sin, ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal cinneadh a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe ar cheart leanúint den dá shamhail nó ar cheart don údarás custaim atá freagrach as áit bhunaithe an trádálaí, i ngach cás, na hearraí a scaoileadh. Ba cheart an áit a dtabhaítear fiach custaim a rialáil freisin i gcomhréir le cinneadh an údaráis custaim fhreagraigh; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Bunaítear leis an Rialachán seo Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam (‘Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam’) lena soláthraítear tacar comhtháite seirbhísí leictreonacha idir-inoibritheacha, ar leibhéal an Aontais, chun tacú le hidirghníomhú agus chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise idir Mol Sonraí Custaim an Aontais agus córais neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia.*** |
| | ***Leagtar síos leis rialacha maidir le comhar riaracháin digiteach agus comhroinnt faisnéise trí thacair sonraí idir-inoibritheacha, laistigh de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a áirithiú go mbaileofar dleachtanna custaim agus muirir eile go cuí; | (a) a áirithiú go mbaileofar dleachtanna custaim agus muirir eile go héifeachtúil agus go cuí; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a áirithiú nach dtiocfaidh earraí lena mbaineann riosca do shábháilteacht nó do shlándáil saoránach agus cónaitheoirí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, trí bhearta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le rialuithe ar earraí agus slabhraí soláthair; | (b) a áirithiú nach dtagann earraí atá ceaptha le haghaidh cúrsaíochta sa mhargadh inmheánach ach a bhfuil riosca ag baint leo maidir le sábháilteacht saoránach agus cónaitheoirí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, trí bhearta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le rialuithe earraí agus slabhraí soláthair; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) a áirithiú nach dtagann earraí a bhfuil riosca ag baint leo do shlándáil saoránach agus cónaitheoirí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, trí bhearta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le rialuithe ar earraí agus ar shlabhraí soláthair;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an tAontas a chosaint ar thrádáil | (d) an tAontas a chosaint ar thrádáil |

| | |
|---|---|
| éagórach, neamhchomhlíontach agus neamhdhleathach, lena n-áirítear trí dhlúthfhaireachán ar oibreoirí eacnamaíocha agus slabhraí soláthair agus trí chroíthacar íosta sáruithe custaim agus pionós; | éagórach, neamhchomhlíontach agus neamhdhleathach, lena n-áirítear trádáil ghóchumtha agus earraí nach bhfuil i gcomhréir le reachtaíocht eile arna cur i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim trí dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha, ar earnálacha agus ar shlabhraí soláthair agus ar chroíthacar íosta sáruithe custaim agus pionós; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht dhlisteanach ghnó, trí chothromaíocht chuí idir rialuithe custaim agus éascú na trádála dlisteanaí a choinneáil ar bun agus trí phróisis agus nósanna imeachta custaim a shimpliú. | (e) tacú le gach gníomhaíocht dhlisteanach ghnó, trí chothromaíocht chuí a choinneáil idir rialuithe custaim agus éascú trádála dlisteanaí agus trí phróisis agus nósanna imeachta custaim a shimpliú trí anailís láidir riosca fíor-ama a dhéanamh, lena n-áirítear trí na córais intleachta saorga, dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointe (d); |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cost-éifeachtúlacht a chur chun cinn trí dhúbláil a sheachaint, agus éifeachtacht a chur chun cinn i bpróisis chustaim agus úsáid éifeachtúil acmhainní gaolmhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a chur chun cinn;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) faisnéis ábhartha a bhailiú, a anailísiú agus a mhalartú chun tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ec) rannchuidiú le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú foriomlán ghníomhartha dlí an Aontais i réimsí eile, amhail na gníomhartha sin lena gcosnaítear sábháilteacht agus slándáil saoránach, cónaitheoirí agus tomhaltóirí, an chomhshaoil agus slabhraí soláthair;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ed) a áirithiú, i gcás ina mbeidh modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh gníomhachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim éigeandála don mhargadh aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle tráth géarchéime*+, sreabhadh na n-earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6) den Rialachán sin.***<br>___________________<br>* ***Rialachán (AE) ... /... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... an ... (IO L ..., ..., ELI: …).*** |

| | |
|---|---|
| | [+] ***IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS .../... (2022/0278(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 lena bhforlíontar agus lena leasaítear an Rialachán seo trí fhorálacha na reachtaíochta custaim is infheidhme maidir leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(4) a shonrú. Féadfaidh na gníomhartha sin a bheith dírithe ar chúinsí ar leith a bhaineann leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais nach mbaineann ach le haon Bhallstát amháin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) forálacha custaim atá i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, a mhéid atá siad infheidhme san Aontas; | (d) forálacha custaim atá i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, a mhéid atá siad infheidhme san Aontas. ***Áirítear leis sin, inter alia, na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ábhartha ar páirtí iontu an tAontas agus na Ballstáit, a mhéid a rialaíonn siad comhréireacht na n-earraí;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 7 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) I gcás duine dhlítheanaigh a bhfuil níos mó ná bunaíocht amháin aige i gcríoch chustaim an Aontais, cláróidh sé, de bhun Airteagal 19, de réir an oird i bpointe (b);*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'allmhaireoir measta' aon duine a bhfuil baint aige le ciandíol earraí le hallmhairiú ó thríú tíortha isteach i gcríoch chustaim an Aontais atá údaraithe úsáid a bhaint as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE; | (13) ciallaíonn 'allmhaireoir measta' aon duine a bhfuil baint aige le ciandíolacháin earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha isteach i gcríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear daoine atá údaraithe chun úsáid a bhaint as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 18 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bheadh bagairt ann do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid saoránach agus cónaitheoirí; ***nó*** | (b) bheadh bagairt ann do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid saoránach agus cónaitheoirí; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 18 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) gur bagairt í don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas; nó*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn 'bainistíocht riosca' riosca a shainaithint go córasach, lena n-áirítear próifílí oibreoirí eacnamaíocha rioscúla a shainaithint, agus cur i bhfeidhm na mbeart uile is gá chun neamhchosaint ar riosca a laghdú; | (20) ciallaíonn 'bainistiú riosca' riosca a shainaithint go córasach, lena n-áirítear próifílí oibreoirí eacnamaíocha rioscúla, idirbhearta amhrasacha a shainaithint, agus cur chun feidhme na mbeart uile is gá chun nochtadh do riosca a theorannú; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) ciallaíonn 'fiach custaim' an oibleagáid atá ar dhuine an dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann le hearraí sonracha a íoc faoin reachtaíocht chustaim atá i bhfeidhm; | (57) ciallaíonn 'fiach custaim' an oibleagáid atá ar dhuine méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus aon mhuirir eile a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí sonracha a íoc faoin reachtaíocht chustaim atá i bhfeidhm; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas nó cás a chuireann sábháilteacht, slándáil, sláinte agus beatha saoránach, oibreoirí eacnamaíocha agus pearsanra údarás custaim i mbaol go tobann agus a bhfuil | (64) ciallaíonn "géarchéim" teagmhas, nádúrtha nó de dhéantús an duine, de chineál eisceachtúil agus de scála eisceachtúil, a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas agus a chuireann |

| | |
|---|---|
| bearta práinneacha ag teastáil lena aghaidh maidir le dul isteach, imeacht nó idirthuras earraí. | sábháilteacht, slándáil, sláinte agus beatha na saoránach, oibreoirí eacnamaíocha agus pearsanra na n-údarás custaim i mbaol agus a éilíonn bearta práinneacha maidir le teacht isteach, le dul amach nó le hidirthuras earraí; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64a) ciallaíonn 'cill freagartha i gcás géarchéime' pointe teagmhála laistigh d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chomhordaíonn iarrachtaí freagartha ar ghéarchéimeanna laistigh den Aontas Custaim;*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64b) ciallaíonn 'micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide' nó 'FBManna' micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64c) ciallaíonn 'muirir eile' aon táillí a ghearrtar de bhreis ar dhleachtanna custaim, CBL, táillí foirmiúlachtaí*** |

| | |
|---|---|
| | ***custaim agus táillí cúiréireachta;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64d) ciallaíonn 'custaiméir deiridh' duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó atá bunaithe san Aontas, ar chuir díoltóir nó margadh táirge ar fáil dó;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64e) ciallaíonn 'timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam' sraith seirbhísí leictreonacha arna bunú ag Ballstát chun gur féidir faisnéis a mhalartú idir córais leictreonacha a údaráis custaim, na n-údarás inniúil comhpháirtíochta agus na n-oibreoirí eacnamaíocha;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64f) ciallaíonn "údarás inniúil comhpháirtíochta" aon údarás de chuid Ballstáit, nó an Coimisiúin, a dtugtar de chumhacht dóibh feidhm ainmnithe a dhéanamh i ndáil le foirmiúlachtaí neamhchustaim ábhartha an Aontais a chomhlíonadh;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe 64 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64g) ciallaíonn 'foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais' na hoibríochtaí uile ar gá oibreoir eacnamaíoch nó údarás inniúil comhpháirtíochta iad a chur i gcrích le haghaidh gluaiseacht idirnáisiúnta earraí, mar a leagtar síos i reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 64 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64h) ciallaíonn 'doiciméad tacaíochta neamhchustaim' aon doiciméad is gá arna eisiúint ag údarás inniúil comhpháirtíochta nó arna tharraingt suas ag oibreoir eacnamaíoch, nó aon fhaisnéis riachtanach arna cur ar fáil ag oibreoir eacnamaíoch, chun a dheimhniú gur comhlíonadh foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais;*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64i) ciallaíonn 'bainistiú cainníochta' faireachán a dhéanamh ar chainníocht na n-earraí atá údaraithe ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta i gcomhréir le*** |

***reachtaíocht de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim í, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na húdaráis chustaim agus bainistiú na cainníochta sin;***

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64j) ciallaíonn 'córas neamhchustaim an Aontais' córas leictreonach de chuid an Aontais arna bhunú le reachtaíocht an Aontais, arna úsáid chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear sa reachtaíocht sin, chun faisnéis a stóráil maidir le comhlíonadh fhoirmiúlacht neamhchustaim an Aontais faoi seach;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 k (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64k) Ciallaíonn 'Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (uimhir EORI)' 'Uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (uimhir EORI)' mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (18), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446[1a] ón gCoimisiún.*** |

______________

***[1a] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an***

*Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1)*

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fíoróidh na húdaráis chustaim, gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá féilire ón dáta a gheofar an t-iarratas ar chinneadh, cibé an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh an iarratais sin. | Fíoróidh na húdaráis chustaim, gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 14 lá féilire ón dáta a gheofar an t-iarratas ar chinneadh, cibé an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh an iarratais sin. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina n-éilíonn na húdaráis chustaim faisnéis bhreise ó údaráis inniúla náisiúnta nó idirnáisiúnta ábhartha eile chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas, cuirfidh siad a gcinneadh in iúl don iarratasóir agus tabharfaidh siad faisnéis cothrom le dáta dóibh laistigh de 15 lá féilire.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina suífidh na húdaráis chustaim nach bhfuil an fhaisnéis uile a cheanglaítear i láthair san iarratas, iarrfaidh siad ar an iarratasóir an fhaisnéis ábhartha bhreise a sholáthar laistigh de theorainn ama réasúnta nach faide ná 30 lá féilire. Fiú i gcás inar iarr na húdaráis chustaim faisnéis bhreise ar an iarratasóir, déanfaidh | I gcás ina suífidh na húdaráis chustaim nach bhfuil an fhaisnéis uile a cheanglaítear i láthair san iarratas, iarrfaidh siad ar an iarratasóir an fhaisnéis ábhartha bhreise a sholáthar laistigh de theorainn ama réasúnta nach faide ná 30 lá féilire. Fiú i gcás inar iarr na húdaráis chustaim faisnéis bhreise ar an iarratasóir, déanfaidh |

| | |
|---|---|
| siad cinneadh an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine agus an féidir glacadh leis nó an bhfuil sé neamhiomlán agus an ndiúltófar dó i dtréimhse nach faide ná 60 lá féilire ó dháta an chéad iarratais. Mura gcuirfidh na húdaráis chustaim in iúl go sainráite don iarratasóir laistigh den tréimhse ama sin cé acu a glacadh nó nár glacadh leis an iarratas, breithneofar an t-iarratas a bheith glactha ag deireadh na 60 lá féilire. | siad cinneadh an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine agus an féidir glacadh leis nó an bhfuil sé neamhiomlán agus an ndiúltófar dó i dtréimhse nach faide ná 60 lá féilire ó dháta an chéad iarratais. Mura gcuirfidh na húdaráis chustaim in iúl go sainráite don iarratasóir laistigh den tréimhse sin go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus gur glacadh leis, measfar go bhfuil glactha leis an iarratas ag deireadh na 60 lá féilire. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt, déanfaidh an t-údarás custaim inniúil cinneadh dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 120 lá ar a dhéanaí ón dáta a ghlactar an t-iarratas agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir faoi sin gan mhoill. | Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt, déanfaidh an t-údarás custaim inniúil cinneadh dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 90 lá ar a dhéanaí ón dáta a ghlactar an t-iarratas agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir faoi sin gan mhoill. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach ndéanfaidh na húdaráis chustaim cinneadh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara agus sa tríú fomhír, féadfaidh an t-iarratasóir a mheas gur diúltaíodh don iarraidh agus féadfaidh sé achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh diúltach den sórt sin. Féadfaidh an t-iarratasóir freisin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas faoi nach ndearna na húdaráis chustaim cinneadh laistigh de na teorainneacha ama ábhartha. | I gcás nach ndéanfaidh na húdaráis chustaim cinneadh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa chéad fhomhír agus sa dara agus sa tríú fomhír, féadfaidh an t-iarratasóir a mheas gur diúltaíodh don iarraidh agus féadfaidh sé achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh diúltach den sórt sin. Féadfaidh an t-iarratasóir freisin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas faoi nach ndearna na húdaráis chustaim cinneadh laistigh de na teorainneacha ama ábhartha. ***I gcás den sórt sin, gheofar fógra uathoibríoch trí Mhol Sonraí*** |

| | |
|---|---|
| | ***Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Glacfaidh an Coimisiún treoirlínte soiléire maidir le próisis chun cinntí a láimhseáil i gcás cliseadh teicniúil ag bonneagar córas leictreonach láraithe de chuid an Aontais, go háirithe Mol Sonraí Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – fomhír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) i gcásanna sonracha eile.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) na cásanna sonracha, dá dtagraítear i mír 6, an dara fomhír, pointe (f) den Airteagal seo;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar an nós |

| | |
|---|---|
| imeachta: | imeachta maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) treoirlínte maidir le próisis chun cinntí a láimhseáil i gcás cliseadh teicniúil ag bonneagar córais leictreonacha láraithe an Aontais;*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir le cinntí fabhracha a neamhniú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). | 4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na rialacha chun cinntí fabhracha a neamhniú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun cinntí fabhracha a chúlghairm nó a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). | 6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na rialacha nós imeachta maidir le cinntí fabhracha a chúlghairm nó a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás nach mbeidh an cinneadh FCT comhoiriúnach a thuilleadh leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh a bhunaítear san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nó le tuairimí comhairleacha, faisnéis, comhairle agus gníomhartha comhchosúla a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh chun aonfhoirmeacht chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin a áirithiú, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | (b) i gcás nach mbeidh an cinneadh BOI ag luí, nó ag luí a thuilleadh leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh arna bhunú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nó leis na tuairimí comhairleacha, leis an bhfaisnéis, leis an gcomhairle agus le gníomhartha comhchosúla, maidir le tionscnamh earraí a chinneadh chun aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 14 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo leanas: | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 15. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cinntí lena n-iarrtar ar na Ballstáit na cinntí dá dtagraítear i mír 12 a chúlghairm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a | 15. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i bhfoirm cinntí lena n-iarrfar ar na Ballstáit na cinntí dá dtagraítear i mír 12 a chúlghairm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a |

| | |
|---|---|
| ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2). | ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2). |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh gá leo de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcásanna sonracha, cuirfidh na húdaráis chustaim an clárú ó bhail. | 5. I gcásanna sonracha ***a bhfuil údar cuí leo***, cuirfidh na húdaráis chustaim an clárú ó bhail. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) a áirithiú go gcomhlíonann na hearraí atá ag dul isteach ar chríoch chustaim an Aontais nó ag imeacht aisti an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis custaim i bhfeidhm agus taifid iomchuí a sholáthar, a choinneáil, agus a chur ar fáil maidir leis an gcomhlíontacht sin; | (c) a áirithiú go gcomhlíonann na hearraí atá ag dul isteach ar chríoch chustaim an Aontais nó ag imeacht aisti an reachtaíocht ábhartha eile. lena n-áirítear Rialachán 2023/988 a chuireann na húdaráis custaim i bhfeidhm agus taifid iomchuí a sholáthar, a choinneáil, agus a chur ar fáil maidir leis an gcomhlíontacht sin; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na ***húdaráis*** chustaim, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis eile, más gá, ceann amháin de na cineálacha údaruithe seo a leanas, nó an dá cheann, a dheonú: | Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais, tar éis dó iniúchadh an údaráis inniúil náisiúnta a mheasúnú, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis eile, más gá, ceann amháin nó an dá cheann de na cineálacha údaruithe seo a leanas a dheonú: |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ar bhonn stádas a aithint, agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cineál sonrach simplithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht chustaim, údaróidh údaráis custaim don oibreoir tairbhiú den simpliú sin. Ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim ath-scrúdú ar na critéir sin a scrúdaíodh cheana nuair a deonaíodh an stádas. | 5. Ar bhonn stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim a aithint agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cineál sonrach simplithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht chustaim, údaróidh údaráis chustaim don oibreoir tairbhe a bhaint as an simpliú sin. Ní dhéanfaidh údaráis chustaim athscrúdú ar na critéir sin a scrúdaíodh cheana agus stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim á dheonú acu. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Deonóidh na húdaráis chustaim tairbhí a bheidh mar thoradh ar stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe ar dhaoine atá bunaithe i dtríú tíortha, a chomhlíonann na hoibleagáidí a shainmhínítear le reachtaíocht ábhartha na dtíortha nó na gcríoch sin agus a chloíonn leis na hoibleagáidí sin, a mhéid agus a thugann an tAontas aitheantas do na coinníollacha agus do na hoibleagáidí sin mar a bheith coibhéiseach leis na cinn a fhorchuirtear ar na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar deonú tairbhí mar sin ar phrionsabal na cómhalartacha mura gcinnfidh an tAontas a mhalairt, agus tacóidh comhaontú idirnáisiúnta an Aontais, nó reachtaíocht Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála leis an deonú sin. | 7. Deonóidh na húdaráis chustaim tairbhí a bheidh mar thoradh ar stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe ar dhaoine atá bunaithe i dtríú tíortha, a chomhlíonann na hoibleagáidí a shainmhínítear le reachtaíocht ábhartha na dtíortha nó na gcríoch sin agus a chloíonn leis na hoibleagáidí sin, a mhéid agus a thugann an tAontas aitheantas do na coinníollacha agus do na hoibleagáidí sin mar a bheith coibhéiseach leis na cinn a fhorchuirtear ar na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar deonú tairbhí den sórt sin ar phrionsabal na cómhalartachta mura gcinnfidh an tAontas a mhalairt, agus tacófar leis le comhaontú idirnáisiúnta de chuid an Aontais, le comhpháirtíochtaí ábhartha agus ceangailteacha nó le reachtaíocht de chuid an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Nuair is gá, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh d'fhonn tacú le FBManna, agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin uathúla atá os comhair FBManna agus sláine agus slándáil na bpróiseas trádála seachtrach á chothabháil agus stádas Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála á chur i bhfeidhm. Déanfar iarrachtaí leanúnacha na nósanna imeachta a shimpliú agus a dhéanamh níos*** |

***inrochtana do FBManna, lena n-áiritheofar go n-éascófar agus go gcuirfear chun cinn an ról ríthábhachtach atá acu i dtrádáil sheachtrach an Aontais.***

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, agus gan aon taifead a bheith ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha; is iad na sáruithe agus na cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gnó na sáruithe agus na cionta sin atá le breithniú; | (a) easpa sárú tromchúiseach nó sáruithe a rinneadh arís agus arís eile ar reachtaíocht chustaim, an reachtaíocht ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 20(1) pointe (c) den Rialachán seo, agus rialacha cánachais, agus gan aon taifead a bheith ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha; is iad na sáruithe agus na cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gnó na sáruithe agus na cionta sin atá le breithniú; |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Glacfaidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcritéar dá dtagraítear i mír 1. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shocruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Allmhaireoir nó onnmhaireoir atá ina chónaí nó cláraithe i gcríoch chustaim an Aontais, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 3 agus a rinne oibríochtaí tráthrialta custaim le linn ghnó an duine sin ar feadh 3 bliana ar a laghad, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála chuig údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil an duine sin bunaithe. | 1. Duine a bhfuil cónaí air nó atá cláraithe i gcríoch chustaim an Aontais, a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach i mír 3 agus a rinne oibríochtaí custaim rialta le linn ghnó an duine sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála chuig údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil an duine sin bunaithe. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Deonóidh na húdaráis chustaim an stádas i ndiaidh comhairliúchán le húdaráis eile, más gá, agus tar éis rochtain a bheith acu ar shonraí ábhartha an iarratasóra le 3 bliana anuas chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na critéir i mír 3. | 2. Deonóidh Údarás Custaim an Aontais an stádas, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis eile, más gá, agus tar éis dó sonraí ábhartha an iarratasóra don 2 bhliain dheireanacha a fháil agus a mheasúnú, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar i mír 3. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Deonóidh na ***húdaráis*** chustaim stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála do dhuine a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas: | 3. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais, tar éis dó iniúchadh an údaráis náisiúnta inniúil a mheasúnú, stádas trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a dheonú do dhuine a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas: |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, agus gan aon taifead a bheith ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha; is iad na sáruithe agus na cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gnó na sáruithe agus na cionta sin atá le breithniú; | (a) easpa sárú tromchúiseach nó sáruithe a rinneadh arís agus arís eile ar reachtaíocht chustaim, reachtaíocht ábhartha eile arna cur i bhfeidhm ag údaráis chustaim de bhun Airteagal 20(1) pointe (c) den Rialachán seo, agus rialacha cánachais agus gan aon taifead a bheith ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha; is iad na sáruithe agus na cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gnó na sáruithe agus na cionta sin atá le breithniú; |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sócmhainneacht airgeadais, a mheasfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas nó ar a cumas a ghealltanais nó a gealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta ghnó lena mbaineann. Go háirithe, le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, beidh a oibleagáidí airgeadais comhlíonta ag an iarratasóir maidir le híocaíochtaí dleachtanna custaim agus gach dleacht, cáin nó muirear eile a bhailítear ar allmhairiú nó onnmhairiú earraí nó i dtaca le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí, lena n-áirítear CBL agus dleachtanna máil atá dlite i ndáil le hoibríochtaí laistigh den Aontas; | (c) sócmhainneacht airgeadais, a mheasfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas nó ar a cumas a ghealltanais nó a gealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta ghnó lena mbaineann. Go háirithe, le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, beidh a oibleagáidí airgeadais comhlíonta ag an iarratasóir maidir le híocaíochtaí dleachtanna custaim agus gach dleacht, cáin nó muirear eile a bhailítear ar allmhairiú nó onnmhairiú earraí nó i dtaca le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí, lena n-áirítear CBL agus dleachtanna máil atá dlite i ndáil le hoibríochtaí laistigh den Aontas; |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) caighdeáin iomchuí slándála, sábháilteachta agus comhlíontachta, arna gcur in oiriúint do chineál agus do mhéid na gníomhaíochta a dhéantar. Caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta, a mheasfar a bheith comhlíonta i gcás ina dtaispeánfaidh an t-iarratasóir go gcoinníonn sé/sí bearta iomchuí ar bun chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí amhail sláine fhisiceach agus rialuithe rochtana, próisis lóistíochtúla agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra, agus sainaithint a c(h)omhpháirtithe gnó; | (e) caighdeáin iomchuí slándála, sábháilteachta agus comhlíonta, lena n-áirítear caighdeáin sábháilteachta táirgí, arna gcur in oiriúint do chineál agus do mhéid na gníomhaíochta a dhéantar, lena n-áirítear ceangal a chur ar an iarratasóir páirt a ghlacadh in oiliúint éigeantach arna soláthar ag na húdaráis inniúla a bhaineann leis an gcineál gníomhaíochta; measfar na caighdeáin slándála, sábháilteachta agus comhlíonta sin a bheith comhlíonta i gcás ina léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil bearta iomchuí á gcothabháil aige nó aici chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí na sláine fisiciúla agus na rialuithe rochtana, na bpróiseas lóistíochta agus láimhseáil na gcineálacha sonracha earraí, pearsanra agus sainaithint a chomhpháirtithe gnó nó a comhpháirtithe gnó; |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe f – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) córas leictreonach a bheith ann lena soláthrófar nó lena gcuirfear ar fáil i bhfíor-am do na húdaráis chustaim na sonraí uile maidir le gluaiseacht na n-earraí agus maidir le comhlíonadh an duine dá dtagraítear i mír 1 leis na ceanglais uile is infheidhme maidir leis na hearraí sin, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil agus lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhroinnt i Mol Sonraí Custaim an Aontais: | (f) córas leictreonach a bheith ann, lena n-áirítear córais atá á mbainistiú ag soláthraí tríú páirtí, lena gcuirtear ar fáil go heisceachtúil do na húdaráis chustaim rochtain fíor-ama ar shonraí iomchuí agus ábhartha maidir le gluaiseacht na n-earraí agus maidir le comhlíonadh an duine dá dtagraítear i mír 1 leis na ceanglais uile is infheidhme maidir leis na hearraí sin, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil agus lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhroinnt i Mol Sonraí Custaim an Aontais, i gcomhréir leis na socruithe mionsonraithe |

maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar maidir le rochtain den sórt sin a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 10, pointe (b):

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) mar eisceacht ar phointe (f) agus d'ainneoin oibleagáidí a bhaineann le stádas an allmhaireora nó le stádas an allmhaireora mheasta, féadfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide sonraí maidir le comhlíonadh a chur ar fáil d'údaráis chustaim trí Phas Táirge Digiteach.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na húdaráis chustaim, gach 3 bliana ar a laghad, faireachán domhain ar ghníomhaíochtaí agus ar thaifid inmheánacha an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála. Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála na húdaráis chustaim ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí. Déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála má tá tionchar suntasach ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an athmheasúnú. | Déanfaidh na húdaráis chustaim, gach 2 bliana ar a laghad, faireachán domhain ar ghníomhaíochtaí agus ar thaifid inmheánacha an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála. Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála na húdaráis chustaim ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí. Déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála má tá tionchar suntasach ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an athmheasúnú. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina n-athróidh trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála Ballstát a bhunaíochta, féadfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir athmheasúnú a dhéanamh ar an údarú Iontaoibhe agus Seiceála, i ndiaidh comhairliúchán leis an mBallstát a dheonaigh an stádas ar dtús agus tar éis dóibh na taifid roimhe sin faoi na hoibreoirí a fháil. Le linn an athmheasúnaithe, féadfaidh údarás custaim an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú tosaigh é a chur ar fionraí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí má tá tionchar ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála. | I gcás ina n-athraíonn trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a Bhallstáit bunaíochta, cuirfidh sé údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir, i gcomhairle leis an mBallstát a dheonaigh a stádas*** |

| | |
|---|---|
| | ***Iontaoibhe agus Seiceála don trádálaí ar dtús, athmheasúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil tionchar ag aon cheann de na hathruithe sin ar stádas Iontaoibhe agus Seiceála an trádálaí sin. Más gá, féadfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir an t-údarú tosaigh a chur ar fionraí. Tabharfar fógra maidir le fionraí den sórt sin sa Mhol Sonraí Custaim. Laistigh de 3 bliana ar a dhéanaí tar éis don trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a Bhallstát bunaíochta a athrú nó tar éis d'údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir athmheasúnú a dhéanamh ar stádas Iontaoibhe agus Seiceála an trádálaí agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir grinnfhaireachán ar ghníomhaíochtaí Iontaoibhe agus Seiceála an trádálaí agus ar a thaifid inmheánacha dá dtagraítear i mír 4.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála rannpháirteach i ngníomhaíocht chalaoiseach i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch nó ghnó, cuirfear a stádas ar fionraí. | I gcás ina mbeidh baint ag trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála le gníomhaíocht chalaoiseach i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch nó ghnó nó le sárú tromchúiseach ar reachtaíocht ábhartha eile arna cur i bhfeidhm ag údaráis chustaim de bhun Airteagal 20(1) pointe (c) den Rialachán seo, cuirfidh na húdaráis chustaim a stádas ar fionraí. ***Déanfar an fhionraíocht sin a thaifeadadh ar an Mol Sonraí Custaim.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh údaráis chustaim trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a údarú: | 7. Déanfaidh údaráis chustaim trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a údarú: |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 7 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) imréiteach láraithe a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 72;*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 7 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) iontráil a dhéanamh i dtaifid an dearbhóra i gcomhréir le hAirteagal 73.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Déanfaidh na húdaráis chustaim a ndícheall a gcleachtas maidir le húdaruithe a dheonú dá dtagraítear i mír 7 a ailíniú le cleachtas údarás custaim eile chun cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú ar fud an Aontais. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais obair na n-údarás custaim a chomhordú agus déanfaidh sé faireachán ar an gcur chuige aonfhoirmeach sin ionas gur féidir na húdaruithe a dheonú go huathoibríoch ach iad a ainmniú mar thrádálaí*** |

| | |
|---|---|
| | ***Iontaoibhe agus Seiceála.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ***Bainfidh trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála tairbhe as níos mó éascuithe ná mar a bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha eile i ndáil leis na rialuithe custaim de réir an údaraithe a dheonaítear, lena n-áirítear níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid.*** Cuirfear stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála san áireamh go fabhrach chun críocha bainistíochta riosca custaim. | 8. Cuirfear stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála san áireamh go fabhrach chun críocha bainistíochta riosca custaim. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh ***trí chineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a chinneadh.*** | 10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh***:*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 10 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) trí na rialacha a leagan síos chun dul i gcomhairle leis na húdaráis eile dá*** |

*dtagraítear i mír 2 chun stádas trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a chinneadh;*

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 10 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) trí na socruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear i mír 3;*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 10 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) trí chineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear i mír 4 a chinneadh;*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 10 – pointe d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d) trí na rialacha a leagan síos maidir le hathmheasúnú ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála dá dtagraítear i mír 5.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 11 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun*** | ***scriosta*** |

***feidhme:***

***(a) na rialacha chun dul i gcomhairle le húdaráis eile maidir le stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh;***

***(b) na modúlachtaí chun na critéir dá dtagraítear i mír 3 a chur i bhfeidhm;***

***(c) na rialacha chun dul i gcomhairle leis na húdaráis chustaim dá dtagraítear i mír 5.***

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 11 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11 a. Bunóidh an Coimisiún agus na Ballstáit córas fothaithe acmhainneachta agus comhroinnte dea-chleachtais lena úsáid ag trádálaithe ar micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide iad agus a bhfuil stádas Iontaoibhe agus Seiceála faighte acu nó a bhfuil iarratas déanta acu ar an stádas sin.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Go dtí an dáta a bhunaítear in Airteagal 265(4), féadfaidh na húdaráis chustaim stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a dheonú do dhaoine a chomhlíonann na critéir agus féadfaidh siad a údarú dóibh tairbhiú de shimplithe agus d’éascuithe áirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim. | 1. Féadfaidh na húdaráis chustaim stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a dheonú do dhaoine a chomhlíonann na critéir agus féadfaidh siad a údarú dóibh tairbhiú de shimplithe agus d’éascuithe áirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin dáta a bhunaítear in Airteagal 265(3), déanfaidh na húdaráis chustaim measúnú ar údaruithe bailí na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh simplithe custaim chun a sheiceáil cé acu an bhféadfar stádas trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a dheonú dá sealbhóirí. ***Mura bhféadfaidh siad an stádas a dheonú, déanfar stádas na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe i gcomhair simplithe custaim agus na simplithe dá dtagraítear in Airteagal 23(5) a chúlghairm.*** | 2. Faoin dáta a bhunaítear in Airteagal 265(3), déanfaidh na húdaráis chustaim measúnú ar údaruithe bailí na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh simplithe custaim chun a sheiceáil cé acu an bhféadfar stádas trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a dheonú dá sealbhóirí. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Go dtí go ndéanfar athmheasúnú ar an údarú nó go dtí an dáta a bhunaítear in Airteagal 265(3), cibé acu is luaithe, beidh aitheantas stádais oibreora eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim bailí fós, mura bhfuil*** | ***scriosta*** |

***feidhm ag Airteagail 9 agus 10 maidir le cinntí a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú.***

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal II – Caibidil 5 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ionadaíocht chustaim | Ionadaíocht chustaim |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Eanáir 2029, féadfar ionadaí custaim atá ag gníomhú mar ionadaí díreach a aithint freisin mar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála más micrifhiontar nó fiontar beag é an duine a bhfuil an t-ionadaí sin ag gníomhú ina ainm agus thar a cheann.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na coinníollacha faoinar féidir le hionadaí custaim seirbhísí a sholáthar i gcríoch chustaim an Aontais dá dtagraítear i mír 4. | (b) na coinníollacha faoina gceadaítear d'ionadaí custaim seirbhísí a sholáthar i gcríoch chustaim an Aontais dá dtagraítear i mír 4. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Soláthróidh Mol Sonraí Custaim an Aontais tacar slán agus cibear-athléimneach de sheirbhísí leictreonacha agus de chórais leictreonacha chun sonraí a úsáid, lena n-áirítear sonraí pearsanta chun críocha custaim. Soláthróidh sé na feidhmiúlachtaí seo a leanas: | 1. Soláthróidh Mol Sonraí Custaim an Aontais tacar slán agus cibear-athléimneach de sheirbhísí leictreonacha agus de chórais leictreonacha chun sonraí a úsáid, lena n-áirítear sonraí pearsanta ***agus sonraí eile*** chun críocha custaim. Soláthróidh sé na feidhmiúlachtaí seo a leanas: |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cáilíocht, sláine, inrianaitheacht agus neamhshéanadh na sonraí a phróiseáiltear iontu a áirithiú, lena n-áirítear na sonraí sin a leasú; | (b) cáilíocht, sláine, ***slándáil,*** inrianaitheacht agus neamhshéanadh na sonraí a phróiseáiltear iontu a áirithiú, lena n-áirítear na sonraí sin a leasú; |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais*+;***<br>_________________<br>* ***Rialachán (AE) ... /... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... an ... (IO L ..., ..., ELI: …).***<br>+ ***IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad*** |

***PE-CONS .../... (2022/0085(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.***

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís sonraí a chumasú, lena n-áirítear trí chórais intleachta saorga a úsáid i gcomhréir leis an n[Gníomh um an Intleacht Shaorga 2021/0106 (COD)][65] ; | (d) anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís sonraí, simpliú custaim agus éascú trádála a chumasú agus a áirithiú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as córais intleachta saorga i gcomhréir le [Gníomh um an Intleacht Shaorga 2021/0106 (COD)][65] ; |
| [65] Rialachán (AE) …./ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L…,../../…., lch..). [OJ: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM(2021) 206 final, 2021/0106(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.] | [65] Rialachán (AE) …./ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L…,../../…., lch..). [OJ: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM(2021) 206 final, 2021/0106(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.] |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) claochlú gnó agus claochlú teicniúil sonraí a dhéanamh chun malartú sonraí le córais neamhchustaim an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn Ia a chumasú trí Chóras Malartaithe Deimhnithe Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam ('CSW-CERTEX AE');*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) iidir-inoibritheacht a chumasú le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh maidir leis na foirmiúlachtaí custaim a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán 2019/1239 a sholáthar agus a chomhlíonadh;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE a chomhtháthú a bunaíodh le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) faireachas custaim ar earraí a chumasú. | (h) faireachas custaim ar earraí a chumasú agus rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíochta eile arna cur i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhorbairt***, a*** | 3. Forbróidh an Coimisiún Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, lena n- |

***chur chun feidhme agus a choinneáil*** ar bun, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla a chur ar fáil go poiblí chun sonraí a phróiseáil laistigh de, agus bunóidh sé creat cáilíochta sonraí.

áirítear na sonraíochtaí teicniúla chun sonraí a phróiseáil laistigh de a chur ar fáil go poiblí, agus bunóidh sé creat cáilíochta sonraí agus bunóidh sé pointe teagmhála poiblí le haghaidh iarrataí práinneacha nó bagairtí slándála a bhaineann le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. ***Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh é a oibriú agus a chothabháil.***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na socruithe teicniúla maidir leis na córais leictreonacha atá forbartha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a choinneáil ar bun agus a úsáid; | (a) na socruithe teicniúla maidir le cothabháil agus úsáid na gcóras leictreonach a d’fhorbair na Ballstáit agus an Coimisiún de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus de bhun Rialachán (AE) 2022/2399 i ndáil le Rialachán (AE).../... ***lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais*+ agus le Treoir (AE) 2022/2555, lena n-áirítear treoirlínte arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA);*** |

__________________

* ***Rialachán (AE) ... /... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... an ... (IO L ..., ..., ELI: …).***

\+ ***IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS .../... (2022/0085(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.***

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 29a*** |
| | ***Céim phíolótach maidir le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh*** |
| | ***1. Roimh an dáta a shonraítear in Airteagal 265(3), féadfaidh an Coimisiún céim phíolótach a bhunú le haghaidh úsáid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Beidh an chéim phíolótach deonach agus beidh sé de chuspóir aici feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a thástáil.*** |
| | ***2. Comhoibreoidh an Coimisiún le hÚdarás Custaim an Aontais, le húdaráis chustaim agus le húdaráis eile, agus le geallsealbhóirí ábhartha le linn phleanáil agus eagrú na céime píolótaí.*** |
| | ***3. Chun críche mhír 1, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena sonrófar an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) na socruithe teicniúla le haghaidh na pleanála agus an eagrúcháin;*** |
| | ***(b) na feidhmiúlachtaí atá le cur i bhfeidhm agus le tástáil;*** |
| | ***(c) fad beacht na céime píolótaí.*** |
| | ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Féadfaidh*** na Ballstáit na feidhmchláir is gá a fhorbairt chun nascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais | 1. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall na feidhmchláir is gá a fhorbairt chun nascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais |

| | |
|---|---|
| Eorpaigh chun sonraí a sholáthar do Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil. | Eorpaigh chun sonraí a sholáthar do Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil, mura bhfuil ann do na feidhmchláir sin cheana. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na hiarratais dá dtagraítear i mír 1 forálacha Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1a] go háirithe maidir le bearta bainistithe riosca maidir leis an gcibearshlándáil. Cumhdóidh na Ballstáit an bonneagar custaim ina straitéis náisiúnta chibearshlándála.*** <br>__________________ <br>[1a] ***Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80)*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Críocha na próiseála sonraí pearsanta agus sonraí eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh | Cuspóirí próiseála sonraí pearsanta agus sonraí eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus in CSW-CERTEX AE. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun éifeachtacht rialuithe custaim a áirithiú, féadfaidh na húdaráis chustaim uile na sonraí a eascraíonn as rialú custaim a fháil agus a phróiseáil i gcás inar braitheadh earraí neamhchomhlíontacha. | Éifeachtacht rialuithe custaim a áirithiú, féadfaidh na húdaráis chustaim náisiúnta uile na sonraí a eascraíonn as rialú custaim a fháil agus a phróiseáil i gcás inar braitheadh earraí neamhchomhlíontacha. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Gan dochar do Threoir (AE) 2016/943, agus tar éis an dáta a shonraítear in Airteagal 265(4), déanfaidh údaráis chustaim na mBallstát nó Údarás Custaim an Aontais sonraí custaim neamhphearsanta atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil, arna iarraidh sin. Beidh sé de rogha ag oibreoirí eacnamaíocha a iarraidh i ndearbhuithe go measfar gnéithe sonraí amhail ainmneacha cuideachta, seoltaí, luach na n-earraí, uimhir ábhartha agus tuairisc na n-earraí a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, ach gan a bheith teoranta dóibh sin. Má dhéantar iarraidh den sórt sin, ní leanfaidh údaráis chustaim na mBallstát ná Údarás Custaim an Aontais an iarraidh ar scaoileadh sonraí custaim agus ní chuirfidh siad na sonraí sin ar fáil.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní dhéanfaidh an Coimisiún sonraí a phróiseáil ach a mhéid atá siad riachtanach agus úsáideach chun na cuspóirí dá dtagraítear sa mhír seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), arna iarraidh sin, rochtain a fháil ar shonraí, lena n‑áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939[66] ón gComhairle, a mhéid a bhaineann an t‑iompar a bhfuil imscrúdú á dhéanamh air ag OIPE le custam agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo. | 6. Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') sonraí a rochtain agus a phróiseáil, lena n‑áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun a cúraimí a dhéanamh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939. |

[66] ***Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh***

*Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).*

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh údaráis chánach na mBallstát sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun dliteanas aon duine maidir le dualgas, táillí agus cánacha a d'fhéadfadh a bheith dlite san Aontas i ndáil leis na hearraí ábhartha agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo. | 7. Féadfaidh údaráis chánach na mBallstát sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun dliteanas aon duine a chinneadh maidir le dleacht, táillí agus cánacha a d'fhéadfadh a bheith dlite san Aontas i ndáil leis na hearraí ábhartha. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Féadfaidh na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67] , rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear bia, beatha agus plandaí a chur ar an margadh nó sábháilteacht bia, beatha agus plandaí agus maidir le comhar le húdaráis chustaim | 8. Féadfaidh na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) 2017/625 rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, féadfaidh siad sonraí a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais go heisiach agus a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear cur ar an margadh nó sábháilteacht bia, beatha agus plandaí a fhorfheidhmiú agus chun comhoibriú le húdaráis chustaim chun na |

chun na rioscaí a íoslaghdú go dtiocfadh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo.

rioscaí go dtiocfaidh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas a íoslaghdú.

---

[67] ***Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).***

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/1020, sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear earraí a chur ar an margadh nó sábháilteacht earraí agus maidir le comhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí a íoslaghdú go dtiocfadh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo. | 9. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/1020, sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear earraí a chur ar an margadh nó sábháilteacht earraí agus maidir le comhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí a íoslaghdú go dtiocfadh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), arna iarraidh sin, rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle fad agus a bhaineann na cúraimí sin le hábhair a bhaineann le custam agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo. | 10. Féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle fad agus a bhaineann na cúraimí sin le hábhair a bhaineann le custam. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 11 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Féadfaidh údaráis náisiúnta eile agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), sonraí neamhphearsanta atá stóráilte nó ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil faoi na coinníollacha a chinnfear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo: | 11. Féadfaidh údaráis náisiúnta eile agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), sonraí neamhphearsanta atá stóráilte nó ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil: |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), beidh an Coimisiún, OLAF agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh in ann, a luaithe a bhunófar é, chun na gcríoch a luaitear i míreanna 4, 5 agus 6 agus chun na gcríoch sin amháin, sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil ó na córais leictreonacha atá ann cheana chun faisnéis a mhalartú arna bhforbairt ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. | 12. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), beidh an Coimisiún, OLAF, OIPE agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh in ann, a luaithe a bhunófar é, chun na gcríoch a luaitear i míreanna 4, 5 agus 6 agus chun na gcríoch sin amháin, sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil ó na córais leictreonacha atá ann cheana chun faisnéis a mhalartú arna bhforbairt ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***13 a. A mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag CSW-CERTEX AE,*** |

***beidh an Coimisiún ina rialaitheoir comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus beidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta na mBallstát atá freagrach as foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn Ia ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679.***

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 14 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha agus módúlachtaí a leagan síos maidir le rochtain a fháil ar shonraí nó iad a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais ag na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 6 go 11. Agus na rialacha agus na módúlachtaí sin á gcinneadh aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas maidir le gach údarás nó catagóir údarás:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) measúnú a dhéanamh ar na coimircí atá ann cheana arna gcur i bhfeidhm ag an údarás lena mbaineann chun a áirithiú go bpróiseáiltear na sonraí i gcomhréir leis an gcuspóir;*** | |
| ***(b) comhréireacht agus riachtanas na próiseála a áirithiú i ndáil leis an gcuspóir;*** | |
| ***(c) na catagóirí sonracha sonraí a chinneadh, ar féidir leis an údarás rochtain a fháil orthu nó a phróiseáil;*** | |
| ***(d) an gá atá ann a bhreithniú go n-ainmneodh an t-údarás lena mbaineann*** | |

| | |
|---|---|
| ***pointe teagmhála, duine nó daoine sonrach(a) nó coimircí breise a sholáthar;*** | |
| ***(e) measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le srian a chur ar chomhroinnt na sonraí dá éis sin;*** | |
| ***(f) na coinníollacha agus na módúlachtaí a chinneadh le haghaidh iarrataí ar rochtain ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta nó sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus cé acu de na rialaitheoirí comhpháirteacha a thabharfaidh rochtain ar Mhol Sonraí Custaim an Aontais.*** | |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 14 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ábhair sonraí a bhfuil baint acu ó am go ham le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm; | (b) ábhair sonraí ar oibreoirí eacnamaíocha iad agus a bhfuil baint acu ó am go ham le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (c) ábhair sonraí a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sna doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 40, nó in aon fhianaise bhreise a éilítear chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an reachtaíocht chustaim agus leis an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a chomhlíonadh; | (c) ábhair sonraí ar oibreoirí eacnamaíocha iad agus a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sna doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 40, nó in aon fhianaise bhreise a éilítear chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an reachtaíocht chustaim agus leis an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a chomhlíonadh; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) ábhair sonraí a bhfuil a sonraí pearsanta sna sonraí arna mbailiú chun críocha bainistíochta riosca de bhun Airteagal 50(3), pointe (a); | (d) ábhair sonraí ar oibreoirí eacnamaíocha iad agus a bhfuil a sonraí pearsanta ar áireamh sna sonraí arna mbailiú chun críocha bainistíochta riosca de bhun Airteagal 50(3), pointe (a); |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***3. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir leis na sonraí pearsanta a anaithnidiú tar éis don tréimhse choinneála dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Úsáidfidh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus na húdaráis chustaim Mol Sonraí Custaim an Aontais agus iad ag malartú leis na húdaráis agus le comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31(6) go (11) i gcomhréir leis an Rialachán seo. | 1. Úsáidfidh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus na húdaráis chustaim Mol Sonraí Custaim an Aontais agus iad ag malartú leis na húdaráis agus le comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31(6) go (9) agus 11 igcomhréir leis an Rialachán seo. Bainfidh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ***agus na húdaráis chustaim úsáid as Feidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) agus faisnéis á malartú acu le Europol.*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. I gcás ina n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim nó comhlachtaí de chuid an Aontais modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, nó a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfar an comhar sin a dhéanamh trí bhíthin idir-inoibritheacht na modhanna leictreonacha sin le Mol Sonraí Custaim an Aontais. | 3. I gcás ina n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim nó comhlachtaí de chuid an Aontais, nó údaráis ó thríú tíortha, modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, nó a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfar an comhar sin a dhéanamh trí bhíthin idir-inoibritheacht na modhanna leictreonacha sin le Mol Sonraí Custaim an Aontais. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 4. I gcás nach n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, a úsáidtear chun cuspóirí | 4. I gcás nach n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha, modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht |

reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfaidh na húdaráis sin seirbhísí sonracha agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31.

an Aontais, a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfaidh na húdaráis sin seirbhísí sonracha agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31.

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Le comhéadan digiteach atá cuimsitheach agus soláimhsithe, soláthrófar rochtain freisin ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le bearta uathrialacha, lena n-áirítear taraifí, cuótaí, smachtbhannaí agus trádbhaic d'fhonn feabhas a chur ar chomhlíonadh na mbeart sin ag cuideachtaí. Cuirfidh sé sin chun cinn freisin comhchuibheas níos fearr idir bearta uathrialacha éagsúla.*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal III a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Teideal IIIa*** <br> ***Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam*** <br> ***Airteagal 40a*** <br> ***Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a bhunú*** <br> ***1. Déantar Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a bhunú. Áireofar ann Mol Sonraí Custaim an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 29 agus na córais*** |

***neamhchustaim de chuid an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia.***

***2. Déanfaidh an Coimisiún Mol Sonraí Custaim an Aontais a idirnascadh le córais neamhchustaim an Aontais faoi na dátaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia agus déanfaidh sé malartú faisnéise faoi fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear ann a chumasú.***

***3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn Ia, maidir le foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais, a gcórais neamhchustaim faoi seach de chuid an Aontais mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais seachas an reachtaíocht chustaim, agus an dáta ar a mbunófar na hidirnaisc dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.***

***Airteagal 40b***

***Comhar digiteach idir Rialtas agus Rialtas le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais***

***1. Maidir le gach ceann d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, cumasófar le CSW-CERTEX AE faisnéis a mhalartú idir Mol Sonraí Custaim an Aontais agus córais neamhchustaim ábhartha an Aontais chun na gcríoch seo a leanas:***

***(a) na sonraí ábhartha a chur ar fáil d'údaráis chustaim, ionas go mbeidh siad in ann an fíorú is gá a dhéanamh ar na foirmiúlachtaí i gcomhréir leis an Rialachán seo ar bhealach uathoibrithe;***

***(b) na sonraí ábhartha a chur ar fáil d'údaráis inniúla chomhpháirtíochta ionas go mbeidh siad in ann an bainistiú cainníochta a dhéanamh i leith earraí údaraithe i gcórais neamhchustaim an Aontais bunaithe ar na hearraí a dhearbhaítear le húdaráis chustaim agus a scaoileann na húdaráis sin;***

***(c) comhtháthú nósanna imeachta idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta a éascú agus tacú leis an gcomhtháthú sin, le haghaidh chomhlíonadh lán-uathoibrithe na bhfoirmiúlachtaí is gá chun na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim nó chun iad a ath-onnmhairiú, agus an comhar maidir le comhordú rialuithe i gcomhréir le hAirteagal 43(3) den Rialachán seo;***

***(d) aon aistriú uathoibrithe sonraí eile idir údaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta ábhartha a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais lena mbunaítear foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumasú, gan dochar d'úsáid náisiúnta na sonraí sin.***

***2. Maidir leis na foirmiúlachtaí neamhchustaim uile de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, soláthróidh CSW-CERTEX AE na feidhmiúlachtaí seo a leanas:***

***(a) téarmaíocht chustaim agus neamhchustaim a ailíniú i gcás inar féidir, agus an nós imeachta custaim nó an t-ath-onnmhairiú ar féidir an doiciméad tacaíochta a úsáid ina leith a shainaithint bunaithe ar chinneadh riaracháin an údaráis inniúil comhpháirtíochta arna chur in iúl sa doiciméad tacaíochta; agus***

***(b) formáid na sonraí atá ag teastáil chun na foirmiúlachtaí neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais a chomhlíonadh a chlaochlú, i gcás inar gá, i bhformáid a bheidh ag luí leis an dearbhú custaim nó leis an dearbhú ath-onnmhairithe agus vice versa, gan inneachar na sonraí a athrú.***

***3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán seo fhorlíonadh trí na heilimintí sonraí atá le malartú trí CSW-CERTEX AE i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a shonrú.***

***Airteagal 40c***

***Comhar digiteach Gnó le Rialtas le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais***

***1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena gcinntear na foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn Ia lena gcomhlíontar na critéir seo a leanas:***

***(a) go bhfuil méid áirithe forluí idir na sonraí atá le cur ar fáil do lucht custaim agus na sonraí atá le cur san áireamh sna doiciméid tacaíochta neamhchustaim is gá le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn Ia;***

***(b) nach diomaibhseach líon na ndoiciméad tacaíochta neamhchustaim arna n-eisiúint san Aontas don fhoirmiúlacht shonrach;***

***(c) gur féidir le córas comhfhreagrach neamhchustaim an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia na hoibreoirí eacnamaíocha a shainaithint trína n-uimhir EORI;***

***(d) leis an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais seachas an reachtaíocht chustaim, ceadaítear an fhoirmiúlacht shonrach a chomhlíonadh trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 11.***

***2. I gcás ina n-aithneofar go gcomhlíonann foirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais critéir mhír 1, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tacar sonraí comhtháite a sholáthar i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun na foirmiúlachtaí custaim is infheidhme agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh go comhpháirteach.***

***3. Measfar gurb ionann an tacar sonraí comhtháite dá dtagraítear i mír 2***

***agus sonraí a chur isteach a éilíonn údaráis inniúla chomhpháirtíochta le haghaidh fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn Ia.***

***Airteagal 40d***

***Úsáid EORI ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta***

***Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, beidh rochtain ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta ar an uimhir EORI chun críche na sonraí ábhartha maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a bhailíochtú.***

***Airteagal 40e***

***Comhordaitheoirí náisiúnta do Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam***

***Ainmneoidh gach Ballstát comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam. Déanfaidh an comhordaitheoir náisiúnta na cúraimí seo a leanas chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo:***

***(a) gníomhú mar phointe teagmhála náisiúnta don Choimisiún maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam; agus***

***(b) an comhar idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta náisiúnta a chur chun cinn agus tacú leis ar an leibhéal náisiúnta.***

***Airteagal 40f***

***Faireachán agus tuairisciú***

***1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar fheidhmiú Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, ag cur san áireamh, inter alia, faisnéis atá ábhartha chun críocha faireacháin agus arna soláthar ag na Ballstáit.***

***2. Faoin 31 Nollaig 2027 agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an***

| | |
|---|---|
| | ***Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Áireofar sa tuarascáil sin forléargas ar fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a áirítear i reachtaíocht an Aontais agus i dtograí reachtacha an Choimisiúin.*** |
| | ***3. Faoin 31 Nollaig 2027 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, áireofar sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin faisnéis faoin bhfaireachán agus faoin meastóireacht a dhéanfar i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, faoi seach, lena n-áirítear an tionchar ar oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Fanfaidh earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais faoi mhaoirseacht custaim fad is gá lena stádas custaim a chinneadh. | 2. Fanfaidh earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais faoi mhaoirseacht ***den sórt sin chun a*** stádas custaim a chinneadh. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí ábhartha atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear sonraí ábhartha ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil, a mhalartú agus a anailísiú; | (a) sonraí ábhartha atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear sonraí ábhartha ó údaráis ***inniúla*** seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil, a mhalartú agus a anailísiú; |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Agus cinntí á ndéanamh a bhaineann leis an mbainistiú riosca custaim dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh aon neamhchomhlíonadh ag allmhaireoir, onnmhaireoir nó allmhaireoir measta maidir le reachtaíocht eile arna cur i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim ar cuid den dlí náisiúnta í agus ar thug na húdaráis inniúla fógra faoi do na húdaráis chustaim. Cuirfear an neamhchomhlíonadh sin san áireamh chun críche phróifíl riosca an allmhaireora, an onnmhaireora nó an allmhaireora ábhartha.*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú maidir le haon chineál riosca, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le leasanna airgeadais ach gan a bheith teoranta dóibh. | 1. Bunóidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir choiteanna riosca agus, i gcás inar gá, caighdeáin d’aon chineál riosca, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le leasanna airgeadais ach gan a bheith teoranta dóibh. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 5 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) OLAF a chur ar an eolas i gcás ina sainaithníonn sé nó ina bhfuil amhras air go bhfuil cásanna calaoise ann agus an | (f) OLAF a chur ar an eolas i gcás ina sainaithníonn sé nó ina bhfuil amhras air go bhfuil cásanna calaoise ann agus an |

| | |
|---|---|
| fhaisnéis riachtanach uile a bhaineann leis na cásanna sin a sholáthar dó. | fhaisnéis riachtanach uile a bhaineann leis na cásanna sin a sholáthar dó. ***Cuirfear Europol ar an eolas freisin laistigh de theorainneacha shainordú Europol.*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cuireadh a thabhairt do Europol rannchuidiú leis an anailís riosca dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 5 chun réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú, laistigh de theorainneacha shainordú Europol.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trína chinneadh cén fhaisnéis nach mór a áireamh inti an t-údar gan rialú dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 6 a dhéanamh.*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar gach faisnéis riosca, gach comhartha, gach toradh anailíse riosca, | 1. Déanfar gach faisnéis riosca, gach comhartha, gach toradh anailíse riosca, |

| | |
|---|---|
| gach moladh maidir le rialú, gach cinneadh maidir le rialú agus gach toradh rialaithe a thaifeadadh sa phróiseas oibríochtúil lena mbaineann siad agus i Mol Sonraí Custaim an Aontais, gan beann ar cibé an raibh siad bunaithe ar anailís riosca náisiúnta nó anailís choiteann riosca nó nach raibh, nó cibé an raibh siad bunaithe ar roghnú randamach. Roinnfidh na húdaráis chustaim faisnéis faoi riosca lena chéile, le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún. | gach moladh maidir le rialú, gach cinneadh maidir le rialú agus gach toradh rialaithe a thaifeadadh sa phróiseas oibríochtúil lena mbaineann siad agus i Mol Sonraí Custaim an Aontais, gan beann ar cibé an raibh siad bunaithe ar anailís riosca náisiúnta nó anailís choiteann riosca nó nach raibh, nó cibé an raibh siad bunaithe ar roghnú randamach. Roinnfidh údaráis chustaim faisnéis faoi riosca lena chéile, le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh, leis an gCoimisiún agus le Europol, laistigh de theorainneacha shainordú Europol. |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim, meastóireacht ar chur chun feidhme na bainistíochta riosca chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht oibríochtúil agus straitéiseach uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad; ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí meastóireachta a shocrú a bheidh le déanamh i gcás ina measfaidh sé go bhfuil gá leis sin, agus ar bhonn leanúnach. | 1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim, meastóireacht ar chur chun feidhme an bhainistithe riosca d'fhonn a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht oibríochtúil agus straitéiseach a fheabhsú go leanúnach uair sa bhliain ar a laghad agus foilseoidh sé gach meastóireacht. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí meastóireachta a shocrú a bheidh le déanamh i gcás ina measfaidh sé go bhfuil gá leis sin, agus ar bhonn leanúnach. |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) is allmhaireoir nó onnmhaireoir atá freagrach as na hearraí; | (a) is allmhaireoir, duine freagrach, nó onnmhaireoir atá freagrach as na hearraí; |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina mbeidh aon fhianaise acu nach gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, mura gceanglaítear leis an reachtaíocht sin dul i gcomhairle le húdaráis eile roimh ré; | (b) i gcás ina mbeidh aon fhianaise acu nach gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm; |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile dul i gcomhairle le húdaráis eile;*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 5 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ii) nár thug na húdaráis eile freagra laistigh den teorainn ama a socraíodh sa reachtaíocht ábhartha eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm, nó*** | ***scriosta*** |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 5 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) tugann na húdaráis eile fógra do na húdaráis chustaim go bhfuil tuilleadh ama ag teastáil chun a mheas cibé acu a | (iii) tugann na húdaráis eile fógra do na húdaráis chustaim go bhfuil tuilleadh ama ag teastáil chun a mheas cé acu an |

| | |
|---|---|
| chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ar choinníoll nár iarr siad an fionraí a choinneáil ar bun, agus go gcuireann an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir inrianaitheacht iomlán na n-earraí sin ar fáil do na húdaráis chustaim ar feadh 15 lá dar tús an tráth a dtugtar fógra do na húdaráis eile nó go dtí go mbíonn toradh a rialuithe measúnaithe agus curtha in iúl ag na húdaráis eile don allmhaireoir nó don onnmhaireoir, cibé acu a tharlaíonn ar dtús. Cuirfidh na húdaráis chustaim an inrianaitheacht ar fáil do na húdaráis eile. | gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ar choinníoll nár iarr siad an fionraí a choinneáil ar bun, agus go gcuireann an t-allmhaireoir, an duine freagrach nó an t-onnmhaireoir inrianaitheacht iomlán na n-earraí sin de chuid na n-údarás eile ar fáil do na húdaráis chustaim nó go dtí go mbeidh toradh a rialuithe measúnaithe curtha in iúl ag na húdaráis eile don allmhaireoir, don duine freagrach nó don onnmhaireoir, pé ceann a tharlaíonn ar dtús. Cuirfidh na húdaráis chustaim an inrianaitheacht ar fáil do na húdaráis eile. |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Gan dochar don reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, measfar gur scaoil na húdaráis chustaim na hearraí i gcás nach mbeidh siad roghnaithe acu le haghaidh aon rialaithe laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis: | 6. Gan dochar don reachtaíocht ábhartha eile a chuirfidh na húdaráis custaim i bhfeidhm, measfar gur scaoil na húdaráis custaim na hearraí i gcás nár roghnaigh siad iad le haghaidh aon rialaithe a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá féilire: |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na tréimhsí réasúnta ama dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a chinneadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar sa réamhfhaisnéis lasta ar a laghad an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an tagairt uathúil don choinsíneacht, an coinsíneoir, an coinsíní, tuairisc ar na hearraí, an rangú taraife, an luach, na sonraí ar an mbealach agus cineál agus sainaithint an mhodha iompair lena dtugtar na hearraí agus an costas iompair. Soláthrófar an réamhfhaisnéis lasta sula sroichfidh na hearraí críoch chustaim an Aontais. | 2. Áireofar sa réamhfhaisnéis lasta ar a laghad an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an tagairt uathúil don choinsíneacht, an coinsíneoir, an coinsíní, tuairisc ar na hearraí, an rangú taraife, an luach***, an ceann scríbe deiridh do na hearraí***, na sonraí maidir leis an gcúrsa slí agus cineál agus sainaithint an mhodha iompair lena dtugtar na hearraí agus an costas iompair. Soláthrófar an réamhfhaisnéis lasta sula sroichfidh na hearraí críoch chustaim an Aontais. ***Féadfaidh na húdaráis chustaim nó Údarás Custaim an Aontais tuilleadh faisnéise a iarraidh chun críocha iontrála.*** |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Go dtí an dáta in Airteagal 265(3), measfar gurb é an réamhfhaisnéis lasta an dearbhú iontrála achomair. | 9. Go dtí an dáta a leagtar amach sa chlár oibre dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 29(5), measfar gur réamhfhaisnéis lasta í dearbhú iontrála achomair arna chur isteach i gcomhréir leis na rialacha agus na ceanglais sonraí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a bhfuil feidhm acu maidir leis na córais leictreonacha atá forbartha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 83 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás nach gcumhdaítear teacht an mhodha iompair ná na gcoinsíneachtaí leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an t-iompróir fógra faoi theacht na n-earraí a thabharfar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ar muir nó san aer ag an gcalafort nó ag an aerfort ina ndíluchtófar nó ina dtrasloingseofar iad. | 4. Ní thabharfaidh an t-iompróir fógra ach faoi theacht earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ar muir nó san aer agus a fhanfaidh ar bord an mheáin iompair chéanna lena n-iompar, sa chríoch chustaim ag an gcalafort nó ag an aerfort ina ndíluchtófar nó ina dtrasloingseofar iad. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 83 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9 a. Go dtí na dátaí a leagtar amach sa chlár oibre dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29(5), measfar gurb ionann fógra maidir le teacht isteach agus cur i láthair do lucht custaim dá dtagraítear in Airteagal 85(1) i gcomhréir leis na rialacha agus na ceanglais sonraí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir leis na córais leictreonacha atá forbartha ag na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, faoi seach, mar fhógra faoi theacht na modhanna iompair agus na gcoinsíneachtaí atá ann.*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 85 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na húdaráis chustaim de cheangal ar an iompróir na hearraí a chur i láthair agus an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear in Airteagal 80 a chur ar fáil, i gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis sin ag | 2. Gan dochar d'Airteagal 80(5), uirfidh na húdaráis chustaim de cheangal ar an iompróir na hearraí a chur i láthair agus an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear in Airteagal 80 a chur ar fáil, i gcás nár |

céim níos luaithe. | soláthraíodh an fhaisnéis sin ag céim níos luaithe.

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 86 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá á stóráil go sealadach faoi nós imeachta custaim tráth nach déanaí ná ***3*** lá tar éis fógra a thabhairt maidir lena dteacht nó tráth nach déanaí ná 6 lá tar éis fógra a thabhairt faoina dteacht i gcás coinsíní údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 116(4), pointe (b), mura gceanglaíonn na húdaráis chustaim na hearraí a chur i láthair. I gcásanna eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sin. | 5. Cuirfear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá á stóráil go sealadach faoi nós imeachta custaim tráth nach déanaí ná ***90*** lá tar éis fógra a thabhairt maidir lena dteacht nó tráth nach déanaí ná 6 lá tar éis fógra a thabhairt faoina dteacht i gcás coinsíní údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 116(4), pointe (b), mura gceanglaíonn na húdaráis chustaim na hearraí a chur i láthair. I gcásanna eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sin. |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 86 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), cuirfear dearbhú stórála sealadaí isteach i gcomhréir leis na rialacha agus na ceanglais sonraí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, agus na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe dá bhforáiltear ann.*** |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 118 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhlíonfaidh na hearraí an | (b) gur fionnadh go gcomhlíonann na |

| | |
|---|---|
| reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | hearraí an reachtaíocht eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm. |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 119 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Oibreoir stórais custaim nó saorchreasa, soláthróidh sé nó cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis chustaim na sonraí íosta is gá le haghaidh chur i bhfeidhm na bhforálacha lena rialaítear stóráil na n-earraí atá ann, go háirithe na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 118(2), pointe (a), stádas custaim na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta stórála agus gluaiseachtaí na n-earraí sin ina dhiaidh sin. | 1. Ceanglófar ar oibreoir stórais custaim nó saorchreasa na sonraí íosta is gá a sholáthar nó a chur ar fáil do na húdaráis chustaim chun na forálacha lena rialaítear stóráil na n-earraí atá lonnaithe iontu a chur i bhfeidhm, go háirithe na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 118(2), pointe (a), stádas custaim na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta stórála agus gluaiseachtaí na n-earraí sin ina dhiaidh sin. ***A luaithe a bheidh feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais a leagtar síos in Airteagal 29 lánfheidhmiúil, ceanglófar ar an oibreoir na sonraí sin a chur ar fáil trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 132 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | (f) gur fionnadh go gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm. |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 159 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é an t-allmhaireoir a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indírí, | Is é an t-allmhaireoir a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indírí, |

| | |
|---|---|
| beidh an t-allmhaireoir agus an duine, a ngníomhaíonn an t-allmhaireoir thar a cheann, ina bhféichiúnaithe agus beidh siad beirt faoi dhliteanas an fhéich custaim i gcomhpháirt agus go leithleach. | beidh an t-allmhaireoir agus an duine, a ngníomhaíonn an t-allmhaireoir thar a cheann, ina bhféichiúnaithe agus beidh siad beirt faoi dhliteanas an fhéich custaim i gcomhpháirt agus go leithleach. ***Beidh an duine sin freagrach as aon mhuirear eile is infheidhme a íoc.*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 159 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha nó críocha chuig custaiméir atá ar chríoch chustaim an Aontais, tabhóidh an t-allmhaireoir measta fiach custaim nuair a ghlacfar le híocaíocht an chiandíolacháin agus is eisean an féichiúnaí sa chás sin freisin. | 3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha nó críocha chuig custaiméir deiridh atá ar chríoch chustaim an Aontais, tabhóidh an t-allmhaireoir measta fiach custaim nuair a ghlacfar le híocaíocht an chiandíolacháin agus is eisean an féichiúnaí sa chás sin freisin. ***Beidh an t-allmhaireoir measta freagrach freisin as aon mhuirear eile is infheidhme a íoc.*** |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 176 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointí (b) agus (c) agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála ráthaíocht chuimsitheach a sholáthar maidir le fiacha poitéinsiúla custaim agus muirir eile lena mbaineann suim laghdaithe nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu. | 2. Féadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointí (b) agus (c), d'oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 25(3), agus do thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála ráthaíocht chuimsitheach a sholáthar i leith fiacha custaim ionchasacha agus muirir eile a bhfuil méid laghdaithe acu nó |

| | |
|---|---|
| | tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu. |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 176 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch atá údaraithe le haghaidh simplithe custaim agus trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála ráthaíocht chuimsitheach a sholáthar maidir le fiacha custaim atá ann cheana agus muirir eile, ar iarratas, lena mbaineann suim laghdaithe nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu. | 3. Féadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim, d'oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 25(3), agus do thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, ráthaíocht chuimsitheach a sholáthar i leith fiacha custaim agus muirir eile atá ann cheana, ar iarratas a fháil, de mhéid laghdaithe, nó, chun tarscaoileadh ráthaíochta a bheith ag trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála. |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 176 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir le deonú údarú chun ráthaíocht chuimsitheach, lena mbaineann suim laghdaithe, a úsáid nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu, dá dtagraítear i mír 2. | 5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir le deonú údarú chun ráthaíocht chuimsitheach, lena mbaineann suim laghdaithe, a úsáid nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu, dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 176 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le suim na ráthaíochta a chinneadh, lena n-áirítear an tsuim laghdaithe dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). | 6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le suim na ráthaíochta a chinneadh, lena n-áirítear an tsuim laghdaithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 181 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhféadfaí dochar a dhéanamh don imscrúdú coiriúil leis an bhfógra maidir leis an bhfiach custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim an fógra sin a chur siar go dtí nach ndéanfar dochar d'imscrúduithe coiriúla leis a thuilleadh. | I gcás ina ndéanfadh an fógra maidir leis an bhfiach custaim dochar d'imscrúdú coiriúil, áfach, féadfaidh na húdaráis chustaim an fógra sin a chur siar go dtí nach ndéanfar dochar leis a thuilleadh don imscrúdú coiriúil fiú má dhéantar an t-imscrúdú sin i mBallstát eile. ***Má iarrann údarás poiblí air déanamh amhlaidh, atá inniúil ar chionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear OIPE, deanfaidh na húdaráis chustaim iarrtha an fógra sin a chur siar.*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 184 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Féadfar an iontráil sna cuntais a chur siar sa chás dá dtagraítear in Airteagal 181(3), an dara fomhír, go dtí nach ndéanfar dochar a thuilleadh d'imscrúdú coiriúil leis an bhfógra sin faoin bhfiach custaim. | 9. Féadfar an iontráil sna cuntais a chur siar sa chás dá dtagraítear in Airteagal 181(3), an dara fomhír, go dtí nach ndéanfaidh fógra an fhéich custaim dochar d'imscrúdú coiriúil a thuilleadh, fiú má dhéantar an t-imscrúdú sin i mBallstát eile. |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 188 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní éileoidh na húdaráis chustaim, agus iad ag údarú íocaíocht na dleachta is iníoctha dá dtagraítear i mír 1 a chur siar, go gcuirfear ráthaíocht ar fáil i gcás inar trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála é an t-iarratasóir atá údaraithe tarscaoileadh ráthaíochta a fháil i gcomhréir le hAirteagal 176(3).*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 201 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart na mbeart sriantach a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme atá faoi réir a inniúlachta agus, faoi réir athbhreithnithe agus údaraithe ag an gCoimisiún, trí threoraíocht iomchuí a sholáthar do na húdaráis chustaim. | 1. Rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart na mbeart sriantach arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme sna réimsí a thagann faoina inniúlacht agus, faoi réir athbhreithniú agus údarú ón gCoimisiún, trí threoir iomchuí a thabhairt do na húdaráis chustaim. |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 203 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) lánaí tapa ag teorainneacha chun moilleanna agus scuainí tráchta i sreafaí lasta a íoslaghdú;*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 203 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) srianta trádála a bhaineann le hearraí atá ábhartha i gcás géarchéime a sheachaint mar a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE).../... lena mbunaítear ionstraim éigeandála don mhargadh aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 2679/98*+ ón gComhairle.*** <br>__________________ <br>* ***Rialachán (AE) ... /... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... an ... (IO L ..., ..., ELI: …).*** <br>+ ***IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS .../... (2022/0278(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.*** |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 204 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó bunaithe ar iarraidh ó Bhallstát amháin nó níos mó nó ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262 (4) agus (5) den Rialachán seo, agus na prótacail agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 203, na bearta agus na socruithe is iomchuí agus is gá ar cheart feidhm a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim nó chun a héifeachtaí diúltacha a mhaolú á gcur san áireamh. | 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó bunaithe ar iarraidh ó Bhallstát amháin nó níos mó nó ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262 (4) agus (5) den Rialachán seo, agus na prótacail agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 203, ***lena leagtar síos*** na bearta agus na socruithe is iomchuí agus is gá chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim nó chun a héifeachtaí diúltacha a mhaolú, á gcur san áireamh. |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 204 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme na mbeart agus na socruithe iomchuí ag na húdaráis chustaim agus déanfaidh sé iad a chomhordú agus tuairisceoidh sé torthaí an chur chun feidhme sin don Choimisiún.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 204 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Bunóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cill freagartha i gcás géarchéime a bheidh ar fáil go buan le linn na géarchéime. | 3. Bunóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cill freagartha i gcás géarchéime a bheidh ar fáil go buan le linn na géarchéime. ***Féadfaidh an Coimisiún tacú le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh le linn chéim na pleanála agus le bunú cill freagartha den sórt sin ar ghéarchéimeanna. Is as an mbuiséad a dheonófar d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a mhaoineofar an chill freagartha ar ghéarchéimeanna.*** |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 204 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maoirseacht ar chur chun feidhme na mbeart agus na*** |

***socruithe iomchuí ag na húdaráis chustaim agus déanfaidh sé iad a chomhordú agus tuairisceoidh sé torthaí a gcur chun feidhme don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 206 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Roghnófar suíomh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, ar bhonn na gcritéar seo a leanas:*** |
| | ***(a) ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú a chúraimí agus a chumhachtaí ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, d'eagrú a struchtúir rialachais, d'oibriú a phríomheagraíochta, ná do phríomh-mhaoiniú a ghníomhaíochtaí;*** |
| | ***(b) áiritheoidh sé go mbeidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh in ann an fhoireann ardcháilithe agus speisialaithe a theastaíonn uaidh a earcú chun na cúraimí a chomhlíonadh agus na cumhachtaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a fheidhmiú;*** |
| | ***(c) áiritheoidh sé gur féidir Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú ar an láthair ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;*** |
| | ***(d) áiritheoidh sé inrochtaineacht iomchuí ar an suíomh, saoráidí leormhaithe oideachais a bheith ann do leanaí na mball foirne, rochtain iomchuí ar an margadh saothair, slándáil shóisialta agus cúram leighis do leanaí agus do chéilí araon.*** |
| | ***(e) áiritheoidh sé dáileadh geografach cothrom ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ar fud an*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Aontais;*** |
| | ***(f) cumasóidh sé deiseanna oiliúna leordhóthanacha;*** |
| | ***(g) cumasóidh sé dlúthchomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais;*** |
| | ***(h) áiritheoidh sé inbhuanaitheacht agus slándáil dhigiteach agus nascacht maidir le bonneagar fisiciúil agus TF agus dálaí oibre.*** |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na córais teicneolaíochta faisnéise a úsáidtear chun an tAontas Custaim a chur chun feidhme a oibriú agus a chothabháil, amhail Mol Sonraí Custaim an Aontais, mar a leagtar síos i dTeideal III.*** |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 – pointe d**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (d) rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le forfheidhmiú reachtaíocht eile an Aontais a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | (d) rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le forfheidhmiú reachtaíocht eile de chuid an ***Aontais*** a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm***;*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) Comhoibreoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i réimsí ina mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le bainistiú earraí a thrasnaíonn an teorainn sheachtrach;*** |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) Tabharfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh scéim speisialta éigeantach isteach chun dleacht chustaim a bhailiú ar chiandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha. Déanfar an scéim speisialta éigeantach sin a ailíniú leis an scéim speisialta a leagtar síos in Airteagail 369 l-369x de Threoir 2006/112/CE.*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tacóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit ionas go mbeidh siad in ann maoirseacht níos éifeachtúla a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sriantach a fhéadfaidh an Chomhairle a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 215(2) CFAE maidir le sreabhadh earraí, chun a áirithiú nach rachfar timpeall ar na bearta sin.*** |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh gníomhaíochtaí chun acmhainní a fhorbairt agus soláthróidh sé tacaíocht oibríochtúil agus comhordú oibríochtúil d’údaráis chustaim. Go háirithe, déanfar inti an méid seo a leanas: | 3. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh gníomhaíochtaí chun acmhainní a fhorbairt agus soláthróidh sé tacaíocht oibríochtúil agus comhordú oibríochtúil d’údaráis chustaim agus don Choimisiún. Go háirithe, déanfar inti an méid seo a leanas: |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) diagnóisic a dhéanamh agus faireachán a dhéanamh ar phointí trasnaithe teorann agus ar shuíomhanna rialaithe eile, caighdeáin choiteanna a fhorbairt agus moltaí maidir le dea-chleachtais a eisiúint; | (a) diagnóisic a dhéanamh agus faireachán a dhéanamh ar phointí trasnaithe teorann agus ar shuíomhanna rialaithe eile; |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) comhchaighdeáin a fhorbairt agus moltaí a eisiúint maidir le dea-chleachtais agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, go háirithe i ndáil le cur chun feidhme Chód Custaim an Aontais;*** |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tomhas feidhmíochta a dhéanamh don aontas custaim, agus tacú leis an gCoimisiún ina mheastóireacht ar fheidhmíocht an aontais custaim, i gcomhréir le Teideal XV, Caibidil 1; | (b) feidhmíocht a thomhas i gcás an aontais custaim, agus tacú leis an gCoimisiún agus meastóireacht á déanamh aige ar fheidhmíocht an aontais custaim, lena n-áirítear tomhas na gcostas oibriúcháin a thabhaíonn na húdaráis chustaim chun a ngníomhaíocht a dhéanamh, i gcomhréir le Teideal XV, Caibidil 1; |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) inneachar íosta na hoiliúna coitinne a ullmhú d'oifigigh chustaim san Aontas agus faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann údaráis chustaim as; | (c) an t-íosmhéid ábhair oiliúna coitinne d'oifigigh chustaim san Aontas a ullmhú agus faireachán a dhéanamh ar a úsáid ag údaráis chustaim, lena n-áirítear an t-ábhar le haghaidh na hoiliúna dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 25(3) a bheidh comhchuibhithe agus ar theicneolaíocht le haghaidh anailísíocht agus brath mórshonraí agus rialuithe; |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse an chustaim a éascú agus a chomhordú; | (f) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse an chustaim a éascú agus a chomhordú, agus Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach a chur ar an eolas go rialta faoina ghníomhaíochtaí; |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) lámhleabhair oibríochtúla a fhormhíniú agus a scaipeadh chun próisis chustaim agus modhanna oibre a chur i bhfeidhm go praiticiúil agus caighdeáin choiteanna a fhorbairt i ndáil leis sin; | (g) lámhleabhair oibríochtúla a fhormhíniú agus a scaipeadh chun próisis chustaim agus modhanna oibre a chur i bhfeidhm go praiticiúil agus caighdeáin choiteanna a fhorbairt i ndáil leis sin, lena n-áirítear treoirlínte comhchoiteanna maidir le forfheidhmiú; |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig na húdaráis chustaim chun Teideal IV a chur i bhfeidhm;*** |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) tacaíocht a sholáthar don Choimisiún chun straitéis oibríochtúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le leithdháileadh, cistiú agus soláthar trealaimh rialaithe, lena n-áirítear measúnú ar riachtanais, soláthar comhpháirteach agus comhroinnt trealaimh;*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**100 Airteagal 208 – mír 3 – pointe l a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(la) treoirlínte agus lámhleabhair shimplithe a ullmhú d'fhiontair bheaga agus do mhicrifhiontair agus tacú lena dtuiscint ar reachtaíocht agus foirmiúlachtaí custaim an Aontais;*** |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cúnamh don Choimisiún, nuair a iarrtar sin, maidir lena chaidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhainistiú, a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 209 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cúraimí eile*** | ***scriosta*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 209 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh an Coimisiún na cúraimí seo a leanas a chur ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun na cláir chistiúcháin a bhaineann le custam a chur chun feidhme:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 209 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt, oibriú agus cothabháil na gcóras teicneolaíochta faisnéise a úsáidtear chun an tAontas Custaim a chur chun feidhme, amhail Mol Sonraí Custaim an Aontais, mar a leagtar síos i dTeideal III;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 209 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) tacaíocht a sholáthar don Choimisiún chun straitéis oibríochtúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le leithdháileadh, cistiú agus soláthar trealaimh rialaithe, lena n-áirítear measúnú ar riachtanais, soláthar comhpháirteach agus comhroinnt trealaimh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 211 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) Bord Comhairleach Custaim a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 221a.*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, agus cearta vótála acu uile. | 1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát, beirt ionadaithe ón gCoimisiún agus saineolaí amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, agus cearta vótála acu go léir. |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Áireofar ar an mBord Bainistíochta freisin comhalta amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, gan ceart vótála.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid eolais ar réimse na gcustam, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. Díreoidh na páirtithe uile ar ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta. | 4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid eolais i réimse an chustaim, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh, mar aon lena dtaithí ar bheartais an aontais custaim. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. Áiritheoidh na páirtithe uile go mbainfear ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de amach ar an mBord Bainistíochta. |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an tréimhse sin a fhadú. | 5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an tréimhse sin a fhadú ***don tréimhse chéanna***. |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Nuair a bheartaíonn comhalta den Bhord Bainistíochta nó a mhalartach deireadh a chur lena théarma oifige roimh am, cuirfidh an comhalta ábhartha nó a chomhalta malartach Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas faoin méid sin agus faoin ionadú a dhéanfar air.*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 b. Déanfaidh gach comhalta agus gach comhalta malartach ráiteas i scríbhinn a shíniú an tráth a rachaidh sé nó sí in oifig á dhearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasanna ann ina leith. Déanfaidh gach comhalta agus gach comhalta malartach a ráiteas a nuashonrú i gcás ina dtiocfaidh athrú ar imthosca maidir le haon choinbhleacht leasanna nó ar bhonn bliantúil ar a laghad. Foilseoidh an tÚdarás na ráitis agus na nuashonruithe ar a shuíomh gréasáin.*** |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 214 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Nuair a bheidh ábhar rúndachta nó coinbhleachta leasa ar an gclár oibre, déanfaidh an Bord Bainistíochta an t-ábhar sin a phlé agus a chinneadh gan an comhalta lena mbaineann a bheith i láthair. Féadtar rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm na forála seo i rialacha an nós imeachta. | 6. Nuair a bheidh ábhar rúndachta nó coinbhleachta leasa ar an gclár oibre, déanfaidh an Bord Bainistíochta an t-ábhar sin a phlé agus a chinneadh gan an comhalta lena mbaineann a bheith i láthair. ***Ní dhéanfaidh sé sin difear do cheart na mBallstát, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin go ndéanfadh malartach ionadaíocht orthu.*** Féadtar rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm na forála seo i rialacha an nós imeachta. |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 215 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) rialacha a ghlacadh lena ndéanfar cosc agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasanna i gcás a chomhaltaí; agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an bhoird bainistíochta; | (f) rialacha a ghlacadh lena ndéanfar cosc agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasanna i gcás a chomhaltaí agus na rialacha sin a chur ar fáil go poiblí; agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an bhoird bainistíochta; |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 215 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) a rialacha nós imeachta a ghlacadh; | (h) a rialacha nós imeachta a ghlacadh agus a chur ar fáil go poiblí; |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 215 – mír 1 – pointe p a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(pa) rialacha nós imeachta an Bhoird Chomhairligh Custaim a bhunú agus a ghlacadh;*** |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 215 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh an Bord Bainistíochta meithleacha agus painéil saineolaithe a bhunú chun cuidiú leis a chúraimí a dhéanamh, lena n-áirítear a chinntí a ullmhú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcinntí sin.*** |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 216 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Ní féidir an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 215(1), pointí (b), (c), (e), (f), (j), (m), (n), (o) agus (s) a dhéanamh ach amháin má chaitheann na hionadaithe ón gCoimisiún vóta deimhneach. Chun críche an cinneadh a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 215(1), pointe (s), ní bheidh toiliú na n-ionadaithe ón gCoimisiún de dhíth ach amháin i leith na ngnéithe den chinneadh nach mbaineann le clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 217 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a áirithiú, i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, go ndéantar obair leantach leordhóthanach ar na torthaí agus ar mholtaí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus imscrúduithe OLAF agus OIPE; | (b) a áirithiú, i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar na torthaí agus ar na moltaí a eascraíonn as na tuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus as imscrúduithe de chuid OLAF agus OIPE chomh maith le nósanna imeachta leormhaithe a chur chun feidhme chun amhras faoi iompar coiriúil a thuairisciú don OIPE; |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 217 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún agus triúr comhalta eile a cheapfaidh an Bord Bainistíochta as measc a chuid comhaltaí a bhfuil sé de cheart acu vótáil. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige. Déanfar cinntí an Bhoird Feidhmiúcháin a ghlacadh trí thromlach simplí. ***Ní féidir na cinntí maidir le mír (2), pointe (b) a dhéanamh ach amháin má chaitheann ionadaí amháin ón gCoimisiún vóta deimhneach.*** | 4. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún agus triúr comhaltaí eile a cheapfaidh an Bord Bainistíochta as measc a chuid comhaltaí a bhfuil sé de cheart acu vótáil agus é mar aidhm leis sin cothromaíocht inscne a áirithiú. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige. Déanfar cinntí an Bhoird Feidhmiúcháin a ghlacadh trí thromlach simplí. |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 218 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais tuillteanais agus scileanna riaracháin agus bainistíochta doiciméadaithe, chomh maith le forais inniúlachta agus taithí ábhartha, as liosta de thriúr iarrthóirí ar a laghad a mholfaidh an Coimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach. | Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir Feidhmiúcháin***, i gcomhréir leis an*** nós imeachta seo a leanas***:*** |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 218 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) ar bhonn gearrliosta arna tharraingt suas agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún lena n-áirithítear cothromaíocht inscne tar éis glao ar iarrthóirí agus nós imeachta roghnúcháin trédhearcach, iarrfar ar iarratasóirí labhairt le coiste freagrach Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus ceisteanna a fhreagairt;*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 218 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) tabharfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a dtuairimí ina dhiaidh sin agus luafaidh siad a roghanna;*** |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 218 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag cur na dtuairimí sin san áireamh.*** |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 218 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an measúnú dá dtagraítear i mír 2 á chur san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a shíneadh uair amháin, ar feadh 5 bliana ar a mhéid. | 3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún ina gcuirtear san áireamh an measúnú dá dtagraítear i mír 2, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin uair amháin ar feadh 5 bliana ar a mhéad. ***Cuirfidh an Bord Bainistíochta Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir lena rún síneadh a chur le sainordú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Sula ndéanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh síneadh a chur leis an sainordú, féadfar a iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dearbhú a dhéanamh os comhair an choiste fhreagraigh de Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna a fhreagairt.*** |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 218 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún. | 5. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún. ***Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cúiseanna sin.*** |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 219 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú a dhualgas nó a dualgas agus maidir le feidhmíocht fhoriomlán Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nuair a iarrfar sin air. | 3. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú a chuid nó a cuid dualgas agus maidir le feidhmíocht fhoriomlán Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nuair a iarrfar sin air. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tráth ar bith freastal ar éisteacht maidir le haon ní a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 219 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) riar laethúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú; | (a) riar laethúil inbhuanaithe agus éifeachtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú; |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 219 – mír 5 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) plean gníomhaíochta a ullmhú a leanfaidh ó chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, agus ó imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag OIPE, agus tuairisciú chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Feidhmiúcháin agus chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn rialta, maidir leis an | (f) plean gníomhaíochta a ullmhú ina ndéanfar obair leantach ar chonclúidí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus ar imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF agus OIPE, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Choimisiún agus go tráthrialta don Bhord Feidhmiúcháin agus don Bhord Bainistíochta, agus, i gcás inarb |

dul chun cinn a bheidh déanta;

infheidhme, tuairisciú amhrais faoi iompar coiriúil do OIPE a áirithiú;

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 221 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 221a*** |
| | ***Bord Comhairleach Custaim*** |
| | ***1. Bunóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh Bord Comhairleach Custaim chun cabhrú leis an mBord Feidhmiúcháin.*** |
| | ***2. Tá sé de chúram ar an mBord Comhairleach Custaim comhairle a chur ar fáil:*** |
| | ***a) cur chun feidhme gníomhaíochtaí teicniúla agus cinntí, lena n-áirítear bainistiú riosca agus réimsí tosaíochta rialaithe;*** |
| | ***b) saincheisteanna maidir le cur chun feidhme agus caighdeánú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhchuibhithe nó an gá atá leis na rialacha a oiriúnú;*** |
| | ***c) comhairle a chur ar fáil maidir le gnéithe custaim reachtaíochta eile a chuireann lucht custaim i bhfeidhm;*** |
| | ***d) comhairle a thabhairt de réir mar is cuí i gcomhthéacs aon ghníomhaíochtaí eile de chuid an Údaráis arna iarraidh sin.*** |
| | ***3. Beidh an Bord Comhairleach Custaim comhdhéanta d'ionadaithe agus comhlachais le haghaidh aon gheallsealbhóirí ábhartha in obair Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh; is é an Bord Bainistíochta a chinnfidh a chomhdhéanamh.*** |
| | ***4. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta ceathrar de chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh Custaim, a mbeidh cathaoirleach an Bhoird sin ar dhuine*** |

***acu, chun páirt a ghlacadh ar an mBord Bainistíochta agus stádas breathnóra acu. Léireoidh siad, chomh leathan agus is féidir, na tuairimí éagsúla a léirítear ar an mBord Comhairleach Custaim. Is é 48 mí a bheidh sa téarma oifige tosaigh agus féadfar síneadh ama a chur leis.***

***5. Rachfar i gcomhairle go rialta leis an mBord Comhairleach Custaim sula ndéanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí. Féadfar é sin a dhéanamh trí mheithleacha saineolaithe ad-hoc a úsáid. In aon chás, ní bheidh an Bord Bainistíochta faoi cheangal ag tuairim an Bhoird Chomhairligh Custaim.***

***6. Tionólfaidh an Bord Comhairleach Custaim gnáthchruinniú amháin ar a laghad gach sé mhí. Ina theannta sin, féadfaidh sé teacht le chéile ar iarratas ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nó ó Bhord Feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh.***

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 228 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh EPPO imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chalaois agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77] . | 6. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá OIPE freagrach as calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77] . ***Tuairisceoidh Údarás Custaim an Aontais, nó na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha, do OIPE gan moill mhíchuí, aon iompar coiriúil a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) agus (3) den Rialachán sin.*** |

| | |
|---|---|
| [77] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29). | [77] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29). |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 235 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin ar fheidhmíocht Údarás Custaim an Aontais maidir lena chuspóirí, lena shainordú, lena chúraimí agus lena rialachas agus lena shuíomh nó lena shuíomhanna. | 1. Tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin ar fheidhmíocht Údarás Custaim an Aontais maidir lena chuspóirí, lena shainordú, lena chúraimí agus lena rialachas agus lena shuíomh nó lena shuíomhanna. |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 235 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tráth gach dara meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain Údarás Custaim an Aontais amach, ag féachaint dá chuspóirí agus dá chúraimí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil údar cuí fós leis ó thaobh na gcuspóirí agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh le hÚdarás Custaim an Aontais. | 3. Tráth gach dara meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain Údarás Custaim an Aontais amach, ag féachaint dá chuspóirí, dá shainordú, dá chúraimí agus dá rialachas. |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 237 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar gá mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, d’fhéadfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát eile chun cúraimí an Údaráis a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. | I gcás inar gá mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, d’fhéadfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh oifigí a bhunú i mBallstáit eile chun cúraimí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 238 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaíodh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh amhail ó 2026 ar aghaidh agus beidh sé ag feidhmiú go hiomlán faoi 2028. | 1. Bunaíodh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh amhail ó 2026 ar aghaidh agus beidh sé ag feidhmiú go hiomlán amhail ón 1 Eanáir 2028. |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 239 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 239a*** |
| | ***Ardán maidir le hearraí a thuairisciú*** |
| | ***1. Cuirfidh Údarás Custaim an Aontais ardán ar bun maidir le tuairisciú earraí (an “tArdán”) chun deis a thabhairt d’údaráis, do ghnólachtaí, do thomhaltóirí agus do shaoránaigh earraí a thagann isteach sa mhargadh inmheánach agus nach bhfuil i gcomhréir le caighdeáin chomhréireachta agus/nó le reachtaíocht ábhartha an Aontais a thuairisciú.*** |

***2. Socrófar an t-ardán mar ardán ar líne, beidh sé inrochtana go héasca, intuigthe agus ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.***

***3. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh measúnú ar an bhfaisnéis a fhaightear tríd an ardán agus más gá, tabharfaidh sé fógra don údarás custaim nó do na húdaráis chustaim i mBallstát amháin nó níos mó, inar cuireadh earra a tuairiscíodh. Ní dhéanfaidh an tÚdarás Custaim measúnú ach ar na hearraí tuairiscithe sin a cuireadh ar an margadh i mBallstát amháin nó níos mó.***

***4. Comhoibreoidh an t-údarás custaim ar tugadh fógra dó dá dtagraítear i mír 3 le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear údaráis faireachais margaidh, údaráis sláintíochta agus fíteashláintíochta, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus bearta á gcur chun feidhme aige chun earra tuairiscithe a bhaint den mhargadh inmheánach. Tuairisceoidh an t-údarás custaim ar tugadh fógra dó maidir leis na bearta sin d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh laistigh de 30 lá féilire tar éis beart a dhéanamh.***

***5. Áiritheoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go mbeidh na sonraí ábhartha uile a bhaineann le hearraí tuairiscithe ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais iarraidh ar údaráis chustaim sonraí ábhartha a thíolacadh chun na críche sin.***

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 240 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) scileanna agus dea-chleachtais a mhalartú trí oiliúint chomhpháirteach maidir le conas táirgí*** |

***neamhchomhlíontacha a bhrath, lena n-áirítear a bheith cothrom le dáta ar feadh an ama maidir le haon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais chomhlíontachta amhail na ceanglais sin a bhaineann le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht táirgí.***

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 240 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tabharfaidh na húdaráis chustaim foláireamh láithreach d'údaráis inniúla an Aontais agus d'údaráis inniúla náisiúnta maidir le haon sárú amhrasta ar reachtaíocht an Aontais agus seolfaidh siad fógra chuig Mol Sonraí Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 240 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Comhoibreoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go dlúth le OLAF i gcás ina dtarlaíonn calaois nó amhras calaoise in aon cheann dá ghníomhaíochtaí comhair. | 8. Comhoibreoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go dlúth le OLAF agus OIPE i gcás ina dtarlaíonn calaois nó amhras calaoise in aon cheann dá ghníomhaíochtaí comhair. |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 241 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhrialuithe a | 1. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhrialuithe a |

| | |
|---|---|
| dhéanann údaráis chustaim a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le húdaráis, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile i gcomhréir le hAirteagal 240(9). | dhéanann údaráis chustaim a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le húdaráis, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Europol i gcomhréir le hAirteagal 240(9). |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 241 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun na críche sin, leanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na tosaíochtaí beartais custaim agus áiritheoidh sé na naisc agus an comhordú is gá le gníomhaíochtaí frithchalaoise de chuid OLAF agus OIPE agus imscrúduithe custaim náisiúnta. | 2. Chun na críche sin, leanfaidh Údarás Custaim an Aontais na tosaíochtaí beartais custaim agus áiritheoidh sé na naisc agus an comhordú is gá le gníomhaíochtaí frithchalaoise OLAF, Europol agus imscrúduithe custaim náisiúnta, chomh maith le himscrúduithe coiriúla OIPE nó údaráis inniúla náisiúnta eile. |

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 242 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) údaráis eile a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ábhartha dá gcuid oibre; | (h) údaráis eile a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ábhartha dá gcuid oibre, chomh maith le hamhras faoi chalaois agus faoi choireacht a thuairisciú; |

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 243 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus faoi réir a fhormheasta roimh ré, socruithe oibre a thabhairt i | Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus faoi réir a fhormheasta roimh ré, socruithe oibre a thabhairt i |

| | |
|---|---|
| gcrích le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ní chruthóidh na socruithe sin oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas. | gcrích le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Leis na socruithe sin, tabharfar de chumhacht d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faisnéis a mhalartú le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear dea-chleachtais, agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a sheoladh. Ní chruthófar oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas leis na socruithe sin. |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 244 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cinnfidh an Coimisiún, laistigh de 90 lá ón bhfógra a fháil, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cé acu an n-údarófar don Bhallstát an comhaontú déthaobhach a dhéanamh nó nach n-údarófar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2). | Tabharfar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, laistigh de 60 lá ón bhfógra a fháil, chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an údarófar don Bhallstát an comhaontú déthaobhach a dhéanamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2). |

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 247 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) castacht an idirbhirt fholuitigh, líon na n-idirbheart comhchosúil;*** |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 252 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) mainneachtain oibleagáidí allmhaireora agus allmhaireora mheasta a chomhlíonadh faoi Airteagal 20 agus Airteagal 21.*** |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 253 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar do na smachtbhannaí a leagtar síos in Airteagal 254, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do smachtbhannaí breise i leith sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 252 agus do gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear na smachtbhannaí sin chun feidhme. Beidh na smachtbhannaí sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. | 1. Gan dochar do na smachtbhannaí a leagtar síos in Airteagal 254, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do smachtbhannaí breise i leith sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 252 agus do gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear na smachtbhannaí sin chun feidhme. Beidh na smachtbhannaí sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus Údarás Custaim an Aontais dea-chleachtais agus modheolaíochtaí is infheidhme maidir le ríomh iniúchóireachta agus smachtbhannaí a mhalartú go rialta chun cóineasú agus comhleanúnachas smachtbhannaí ar fud an Aontais a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún measúnú rialta ar éifeachtacht na smachtbhannaí chun cuspóirí na n-údarás custaim dá bhforáiltear in Airteagal 2 a bhaint amach, agus an bhfuil gá le gníomhaíocht.*** |

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 254 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gcuirfear smachtbhannaí i | I gcás ina gcuirtear smachtbhannaí i |

| | |
|---|---|
| bhfeidhm maidir le sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 252 is i bhfoirm amháin nó níos mó de na foirmeacha seo a leanas a bheidh siad, agus é á áirithiú acu go bhfuil na smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus na himthosca maolaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 247 agus na himthosca géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 248 á gcur san áireamh: | bhfeidhm i leith sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 252, déanfaidh gach Ballstát foráil maidir le smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus imthosca maolaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 247 agus imthosca géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 248 á gcur san áireamh: |

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 254 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir le húsáid na bhfáltas a thiocfaidh as smachtbhannaí neamhchoiriúla a fhorfheidhmiú seachas nuair a bhunaítear iad mar acmhainn dhílis i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 311 CFAE.*** |

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 255 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú agus meastóireacht ar fheidhmíocht an aontais custaim ar bhonn bliantúil ar a laghad. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí custaim a dhéanann údaráis chustaim na mBallstát agus, i gcás inar féidir, tíortha is iarrthóirí ag leibhéil pointí trasnaithe náisiúnta agus teorann a thomhas. D'fhéadfadh tomhas den sórt sin cur leis na huirlisí atá ann cheana a d'fhorbair an Coimisiún agus na Ballstáit chun na críche sin. | 1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú agus meastóireacht ar fheidhmíocht an aontais custaim ar bhonn bliantúil ar a laghad. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí custaim a dhéanann údaráis chustaim na mBallstát agus, i gcás inar féidir, tíortha is iarrthóirí ag leibhéil pointí trasnaithe náisiúnta agus teorann a thomhas, chomh maith le faireachán rialta ar leibhéal an chaiteachais arna thabhú ag údaráis chustaim náisiúnta agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí. D'fhéadfadh tomhas den sórt sin cur leis na huirlisí atá ann cheana a d'fhorbair an Coimisiún agus na Ballstáit |

chun na críche sin.

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 255 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cúnamh don Choimisiún maidir leis an gcúram sin. Chun tacú leis an gCoimisiún ina mheastóireacht ar an aontas custaim, sainaithneoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim a leagtar síos in Airteagal 2. Go sonrach, déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí féideartha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún. | 2. Tabharfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cúnamh don Choimisiún agus meastóireacht á déanamh aige ar fheidhmíocht an aontais custaim. Chun na críche sin, sainaithneoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim a leagtar síos in Airteagal 2. Go háirithe, sainaithneoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann, tacóidh sé leis an gCoimisiún sonraí ábhartha a bhailiú maidir leis na leibhéil chaiteachais arna dtabhú ag údaráis chustaim náisiúnta chun a bhfeidhmiú a áirithiú agus cuirfidh sé moltaí feabhais ar fáil don Choimisiún. |

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 256 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Fíoróidh an Coimisiún an tuarascáil agus tarchuirfidh sé í ina dhiaidh sin chuig na Ballstáit mar fhaisnéis. | 4. Fíoróidh an Coimisiún an tuarascáil agus tarchuirfidh sé í ina dhiaidh sin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle mar fhaisnéis. |

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ... Faoin... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 5 bliana i ndiaidh an teachta i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil faoin meastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. | Faoin ... Faoin... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = ***3*** bliana i ndiaidh an teachta i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil faoin meastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. |

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) forléargas ar na costais imdhealaithe arna dtabhú ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcomparáid leis na costais arna dtabhú ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 261– mír 2 agus mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, 59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265. | 2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 10, 14, 19, 23, ***24***, 25, 27, 28, 29, 31, 32, ***40a, 40b***, ***51***, 56, 58, 59, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265. |
| 3. An tarmligean cumhachta dá | 3. An tarmligean cumhachta dá |

| | |
|---|---|
| dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, 59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | dtagraítear in Airteagail 6, 7, 10, 14, 19, 23, ***24,*** 25, 27, 28, 29, 31, 32, ***40a, 40b, 51,*** 56, 58, 59, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 261 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, 59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 6, 7, 10, 14, 19, 23, ***24,*** 25, 27, 28, 29, 31, 32, ***40a, 40b, 51,*** 56, 58, 59, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 263 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. | 1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Rialachán (AE) 2022/2399. |

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag Airteagail 205 go 237 ón 1 Eanáir 2028. | 1. Beidh feidhm ag Airteagail 205 go 237 ón 1 Eanáir 2026. |

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 1 Márta 2028: | 2. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 1 Márta 2026: |

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar síos in Airteagal 29 i ngníomh go hiomlán faoin 31 Nollaig 2037. | 3. Beidh feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar síos in Airteagal 29 i ngníomh go hiomlán faoin 31 Nollaig 2032. |

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tosú ar a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán seo a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ón 1 Márta 2032 ar aghaidh. | 4. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tosú ar a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán seo a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh. |

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Roimh an 31 Nollaig 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina soláthrófar measúnú ar an imréiteach láraithe dá dtagraítear in Airteagal 72. Más iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur i láthair d'fhonn dáileadh cothrom chearta agus oibleagáidí na mBallstát a áirithiú i ndáil leis an measúnú ar an bhfiach custaim tráth an allmhairithe agus ar an dliteanas ina leith. | 6. Roimh an 31 Nollaig 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina soláthrófar measúnú ar an imréiteach láraithe dá dtagraítear in Airteagal 72. Más iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur i láthair d'fhonn dáileadh cothrom chearta agus oibleagáidí na mBallstát a áirithiú i ndáil leis an measúnú ar an bhfiach custaim tráth an allmhairithe agus ar an dliteanas ina leith. ***Beidh an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Faoin 31 Nollaig 2035, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas go háirithe: | 7. Faoin 31 Nollaig 2031, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus foilseoidh sé í chun measúnú a dhéanamh, go háirithe: |

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I a - Tábla (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| ***Foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais*** | ***Acrainm*** | ***Córas neamhchustaim an Aontais*** | ***Reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais*** | ***Dáta cur i bhfeidhm*** |
|---|---|---|---|---|
| ***Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh ainmhithe*** | ***CHED-A*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh táirgí*** | ***CHED-P*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2017/625*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh beatha agus bia nach de bhunadh ainmhíoch iad*** | ***CHED-D*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2017/625*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte le haghaidh plandaí agus táirgí plandaí*** | ***CHED-PP*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2017/625*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Deimhniú*** | ***COI*** | ***TRACES*** | ***Rialachán*** | ***an 3 Márta*** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***Cigireachta*** | | | ***(AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]*** | ***2025*** |
| ***Ceadúnas ídithe ózóin*** | ***ODS (substaintí ídithe ózóin)*** | ***Córas Ceadúnúcháin ODS 2*** | ***Rialachán (AE) Uimh. 1005 /2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b]*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Gáis cheaptha teasa fhluairínithe*** | ***F-GAS*** | ***Tairseach F-GAS agus Córas Ceadúnúcháin HFC*** | ***Rialachán (AE) Uimh. 517/ 2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1c]*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Ceadúnas Allmhairiúcháin le haghaidh earraí cultúir*** | ***ICG-L*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1d]*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Ráiteas ón allmhaireoir le haghaidh earraí cultúir*** | ***ICG-S*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2019/880*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Tuairisc ghinearálta le haghaidh earraí cultúir*** | ***ICG-D*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (AE) 2019/880*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Foirmiúlacht neamhchustaim an Aontais*** | ***Acrainm*** | ***Córas neamhchustaim an Aontais*** | ***Reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais nach reachtaíoch*** | ***Nasc faoin*** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | ***t chustaim í*** | |
| ***Ceadúnas allmhairiúcháin maidir le Forghníomhú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí*** | ***FLEGT*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (CE) Uimh. 2173 /2005 ón gComhairle*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú*** | ***DuES*** | ***Córas ríomhcheadúnaithe*** | ***Rialachán (AE) 2021/ 821*** | ***an 3 Márta 2025*** |
| ***Deimhnithe maidir le trádáil idirnáisiúnta speicis fauna agus flora fiáine i mbaol*** | ***CITES*** | ***TRACES*** | ***Rialachán (CE) Uimh. 338/ 97 ón gComhairle*** | ***an 1 Deireadh Fómhair 2025*** |
| ***Córas Faisnéise agus Cumarsáide le haghaidh Faireachas Margaidh*** | ***ICSMS*** | ***ICSMS*** | ***Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** | ***an 16 Nollaig 2025*** |

***[1a] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).***

***[1b] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1).***

***[1c] Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).***

***[1d] Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán***

***2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú (IO L 151, 7.6.2019, lch. 1).***